Údarás Uchtála na hÉireann
Adoption Authority of Ireland

Tuarascáil Bhliantúil 2025



Údarás Uchtála na hÉireann
Adoption Authority of Ireland

Tuarascáil
Údarás Uchtála na hÉireann
Adoption Authority of Ireland
don bhliain 2025

Chuig: Norma Foley, TD
An tAire Leanaí, Míchumais agus Comhionannais
An Roinn Leanaí, Míchunais agus Comhionannais

Clár an Ábhair

Ráiteas an Chathaoirligh	2
Tuarascáil an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin	5
Achoimre Fheidhmeach	7
Príomhghníomhaíochtaí, Gnóthachtálacha agus Garspriocanna	9
Eolas faoi Údarás Uchtála na hÉireann	11
Na Daoine ar a bhFreastalaímid	13
Seirbhísí Uchtála	14
Rochtain ar Fhaisnéis Bhreithe agus Luathshaoil	14
Seirbhísí Rianaithe agus Idirghabhála	15
Cumarsáid agus Rannpháirtíocht	17
An Obair a Dhéanaimid	18
Uchtáil Idir Tíortha agus Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta	19
Comhlachtaí Creidiúnaithe	19
Ról na dTaifead, na gCartlann agus na hInstitiúide Cuimhne	19
Forbairt Taighde agus Beartas	20
Cáilíocht, Caighdeáin agus Forbairt Seirbhíse	22
Iad Siúd a Sheachadann ár Seirbhísí	23
Cumas an Lucht Saothair agus “ÚUÉ amháin”	24
Foghlaim agus Forbairt	25
Folláine agus Rannpháirtíocht Foirne	25
Mar a Sholáthraímid ár Seirbhísí	26
Rialachas agus Maoirseacht	27
Bainistíocht Riosca agus Rialú Inmheánach	27
Claochlú Digiteach agus Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide	27
Seirbhísí Corparáideacha agus Tacaíocht Oibriúcháin	28
Gníomhú ar son na hAeráide agus na hInbhuanaitheachta	29
Comhlíonadh agus Trédhearcacht	30
Saoráil Faisnéise	31
Cosaint Sonraí	32
Nochtuithe Cosanta	32
Eitic agus Caighdeáin	32
Teangacha Oifigiúla	33
Inrochtaineacht agus Rannpháirtíocht Phoiblí	33
Comhionannas, Rochtain agus Cearta an Duine	33
Airgeadas	34
Ag Féachaint Romhainn	36
Aguisíní	38

Ráiteas an Chathaoirligh



Ceapadh i mo Chathaoirleach ar an Údarás mé amhail ar an agus ón 4 Nollaig 2025 agus dá bhrí sin, is é seo an chéad deis agam cur leis an Tuarascáil Bhliantúil. Ba mhaith liom tosú trí aitheantas a thabhairt d'obair mo réamhtheachtaí, Orlaith Traynor, agus an bhoird roimhe seo, a bhí i bhfeidhm go dtí deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2025. Ba mhaith liom chomh maith aitheantas a thabhairt don fhoireann ceannaireachta atá i bhfeidhm ag an Údarás, agus do chomhthaithí agus do thiomantas mo chomhchomhaltaí Boird, ar nuacheapadh iad go léir seachas duine amháin díobh agus mé féin á cheapadh.

Ón tús, tá sé léirithe ag baill an Bhoird go bhfuil siad toilteanach forbairt a dhéanamh ar a dtuiscint ar an timpeallacht uchtaithe agus ar an gcaoi a n-oibríonn an eagraíocht. Ina theannta sin, is léir dom go bhfuil doimhneacht eolais agus taithí laistigh den fhoireann de thart ar 60 duine, agus iad ag freastal go maith ar an eagraíocht. Lean an ghairmiúlacht, an cúram agus an tiomantas a léirigh an fhoireann i rith na bliana ag tacú le daoine aonair agus le teaghlaigh trí chásanna casta a bhí iomlán pearsanta agus difriúil óna chéile go minic.

Bhí athrú laistigh den fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin chomh maith nuair a bhog an Dr Lorraine Horgan ar aghaidh óna ról mar POF i mí na Bealtaine 2025. Táim buíoch de Lorraine as an méid a chuir sí leis an Údarás agus de Philip Crosby a ghlac leis an ról sin ar bhonn gníomhach (den dara huair) i mí Dheireadh Fómhair 2025. Ag deireadh na bliana, bhí próiseas réidh le tosú chun POF nua a cheapadh ar chonradh téarma sheasta.

Ar an taobh corparáideach agus rialachais dé, bhí dhá choiste ag tacú le hobair an Bhoird, Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus Coiste Taighde. Chuidigh an dá choiste seo go mór le rialachas na heagraíochta agus leis na gealltanais rialachais a leagtar amach i gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 a chomhlíonadh. Táim buíoch de na baill sheachtracha a shuigh ar na coistí sin, is iad sin Patricia Gilheaney (a bhí ina cathaoirleach) agus John Buckley, agus an bheirt acu ina bpríomhchomhaltaí ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, agus an Dr Claire McGettrick, a rugadh Lorraine Hughes agus an Dr Richard Sullivan a bhí ar an gCoiste Taighde.

Rinneadh dul chun cinn ar Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil ar an eagraíocht, cé go bhfoilseofar an tuarascáil deiridh in 2026. Sainaithneofar sa tuarascáil moltaí a chabhróidh chun maoirseacht agus rialachas phríomhghníomhaíochtaí an Údaráis a neartú.

Díríodh go mór in 2025 ar chur chun feidhme na ngealltanas i bPlean Straitéiseach 2025–2027, a bhfuil sé mar chuspóir aige feabhas a chur ar sheirbhísí do dhaoine uchtaithe, do theaghlaigh bhreithe, do theaghlaigh uchtaithe agus do dhaoine eile a ndeachaigh uchtú i bhfeidhm orthu. Tá na gealltanais dírithe ar cheithre phríomhthéama: na daoine a bhfreastalaímid orthu, an méid a dhéanaimid, iad siúd a sheachadann ár seirbhísí agus an chaoi a soláthraímid ár seirbhísí. Is príomhcheist don Údarás é mar a leanfaimid ar aghaidh ag comhlíonadh na ngealltanas sin in 2026.

Le linn 2025, tacaíodh le daoine aonair agus le teaghlaigh trí uchtú, rianú, idirghabháil agus rochtain ar sheirbhísí faisnéise agus lean an eagraíocht uirthi ag cur lena ról maidir le taifid uchtála a chosaint agus tacú le rochtain ar fhaisnéis dóibh siúd a ndeachaigh uchtáil i bhfeidhm orthu. Léirítear sa mhír den tuarascáil seo a bhaineann le Staitisticí figiúirí i leith cúrsaí oibriúcháin in 2025 agus i leith blianta roimhe sin i gcás phríomhréimsí oibre uile don Údarás.

Ábhar amháin atá soiléir ó na figiúirí ná an líon beag leanúnach uchtálacha idir tíortha, i.e., uchtálacha ag daoine a chónaíonn in Éirinn ar leanaí a rugadh agus a chónaíonn thar lear, i gcomparáid le líon na n-uchtálacha sin 20 bliain ó shin nó níos mó. Is gné lárnach d'obair an Údaráis é taighde, agus fáiltím go mór roimh fhoilsiú píosa taighde a rinneamar féin in 2025 – *The Lived Experience of Intercountry Adopted Adults in Ireland*.

Tá líon beag na n-uchtálacha naíonán a uchtaítear sa tír seo suntasach freisin, agus mar is léir ó na sonraí, is uchtálacha leastuismitheora nó uchtáil leanaí atá faoi chúram altrama ag a dtuismitheoirí altrama iad formhór na n-uchtálacha baile anois. Maidir le huchtáil bhaile, bhí tionscadal 2 bhliain á mhaoiniú ag an Aontas Eorpach tríd an Ionstraim Tacaíochta Teicniúla, faoi stiúir na Roinne Leanaí, Míchumais agus Comhionannais agus curtha i bhfeidhm ag Oifig Réigiúnach UNICEF na hEorpa agus Lár na hÁise, ar siúl i rith 2025 agus is dócha go dtiocfaidh sé chun deiridh go déanach in 2026 nó go gairid ina dhiaidh sin. Tugann an tionscadal deis creat dea-chleachtais a fhorbairt chun torthaí a fheabhsú do gach duine atá bainteach leis, go háirithe leanaí.

Is léir chomh maith ó na sonraí an t-éileamh leanúnach ar sheirbhísí rianaithe agus faisnéise, a leagann béim ar an tábhacht bhuan a bhaineann le tacaíochtaí atruacha, freagrúla agus inrochtana dóibh siúd atá ag lorg faisnéise faoina bhféiniúlacht, a mbunús agus a naisc teaghlaigh. Measaim go bhfanfaidh an t-éileamh seo, cé go bhféadfadh sé leanúint ar aghaidh ag laghdú de réir mar a théann an reachtaíocht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú in aois.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thacaíocht an Aire agus a cuid oifigeach sa Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais. Cuireann siad an-suim in obair an Údaráis. De réir mar a fhorbraíonn an Bord nua a shaineolas, táim ag súil le níos mó rannpháirtíochta leis an Aire agus leis an Roinn maidir leis na saincheisteanna beartais a bhaineann le huchtú. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt chomh maith do dhlúthchaidreamh oibre an Údaráis le Tusla, príomhpháirtí leasmhara uchtála, agus an chuid is mó de na measúnuithe uchtála á ndéanamh ag Tusla. Tugann an tÚdarás creidiúnú do thrí eagraíocht neamhrialtasacha a chabhraíonn lena chuid oibre: Pact, a dhéanann measúnuithe incháilitheachta agus oiriúnachta i gcomhar le Tusla; an Ghníomhaireacht Idirghabhála Uchtála Helping Hands, a dhéanann idirghabháil ar uchtálacha idir tíortha; agus Barnardos, a sholáthraíonn seirbhísí tacaíochta iar-uchtála.

Mar Chathaoirleach, táim ag tnúth le leanúint lenár misean a chur chun cinn, agus creidim gur fiú é a athshonrú anseo – *'a chinntiú go gcuirfear na caighdeáin is airde agus is féidir ar fáil sna seirbhísí a bhaineann le huchtáil, i rith an phróisis uchtála a mhaireann ar feadh an tsaoil, agus gurb é leas leanaí an chéad chuspóir agus an príomhchuspóir'.*

John McDaid
Board Chairperson



Tuarascáil an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin



Bhí gníomhaíocht oibríochtúil i rith 2025 fós suntasach i ngach réimse d'obair na heagraíochta, go háirithe i ndáil le seirbhísí uchtála, rianú agus tacaíochtaí idirghabhála, rochtain ar iarratais ar fhaisnéis agus gníomhaíocht bainistíochta taifead.

Bhí an t-éileamh ar sheirbhísí faisnéise breithe agus luathshaoil fós ard i rith na bliana, rud a léiríonn an tábhacht leanúnach a bhaineann le tacaíochtaí freagrúla agus duinelárnacha dóibh siúd atá ag lorg faisnéise, nasc agus tuiscint maidir lena bhféiniúlacht agus a mbunús.

Bhí béim láidir eagraíochtúil i gcónaí ar inrochtaineacht, freagrúlacht agus comhsheasmhacht ar fud na seirbhísí. Thacaigh infheistíocht i gcórais dhigiteacha, i mbainistiú taifead, i gcumas eagrúcháin agus i bhforbairt an lucht saothair le seachadadh seirbhíse agus le hathléimneacht oibríochtúil i rith na bliana.

Leanadh den obair i rith 2025 chun seirbhísí bainistíochta taifead agus faisnéise a neartú, chun tacú le hinrochtaineacht fheabhsaithe, aisghabháil agus caomhnú fadtéarmach taifead a bhfuil tábhacht shuntasach phearsanta agus stairiúil ag baint leo.

I measc na ngníomhaíochtaí taighde agus forbartha beartais i rith na bliana bhí foilsiú na tuarascála *Lived Experience of Intercountry Adopted Adults in Ireland*. Cuireann an obair seo le tuiscint níos leithne ar eispéiris a bhaineann le huchtú agus tacaíonn sí le beartas atá bunaithe ar fhianaise agus le forbairt seirbhíse.

D'fhan inrochtaineacht agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara ina dtosaíochtaí tábhachtacha eagrúcháin i rith na bliana. I measc na bhforbairtí, bhí feabhas a chur ar inrochtaineacht agus inúsáidteacht an tsuímh gréasáin, leathnú ar bhearta inrochtaineachta digití agus féiniúlacht agus lógó eagraíochtúil athnuaite a thabhairt isteach chun tacú le comhsheasmhacht, inrochtaineacht agus soiléireacht níos fearr ar fud na cumarsáide agus na n-ábhar atá os comhair an phobail.

Neartaigh an claochlú digiteach agus an ghníomhaíocht forbartha TFC comhoibriú, bainistíocht taifead agus athléimneacht eagraíochtúil. Thacaigh rannpháirtíocht le tionscnaimh chomhroinnte dhigiteacha na hearnála poiblí le forbairt leanúnach ar chumas agus ar bhonneagar TFC chomh maith.

Thacaigh fórsa saothair ildisciplíneach ar fud réimsí oibríochtúla, oibre sóisialta, taifead, TFC agus tacaíochta corparáidí le seachadadh fheidhmeanna reachtúla na heagraíochta i rith 2025. D'fhan folláine, foghlaim agus cultúr na heagraíochta mar thosaíochtaí tábhachtacha i rith na bliana, le tacaíocht ó réimse tionscnamh folláine agus forbartha, lena n-áirítear rochtain ar an gClár Cúnaimh d'Fhostaithe.

Leanann an eagraíocht ag feidhmiú laistigh de thimpeallacht oibre chasta agus íogair a éilíonn gairmiúlacht, comhbhá agus athléimneacht ar fud gach réimse gníomhaíochta. Thacaigh an tiomantas agus an saineolas a léirigh an fhoireann i rith na bliana le seachadadh leanúnach seirbhísí inrochtana agus freagrúil do dhaoine aonair agus do theaghlaigh a ndeachaigh uchtáil i bhfeidhm orthu.


Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht agus don mhaoirseacht a chuireann an Bord ar fáil i rith na bliana.

Leanfaidh an obair atá beartaithe do 2026 ar aghaidh ag tacú le seachadadh seirbhísí ardchaighdeáin a bhaineann le huchtáil agus ag an am céanna, ag neartú cumas eagraíochtúil, inrochtaineacht agus rannpháirtíocht an phobail i ngach réimse d'obair na heagraíochta.



Philip Crosby
CEO

Achoimre Fheidhmeach



In 2025, lean Údarás Uchtála na hÉireann ag comhlíonadh a chuid feidhmeanna reachtúla agus ag dul ar aghaidh le cur i bhfeidhm Phlean Straitéiseach 2025–2027.

Chomhlíon an tÚdarás a chuid feidhmeanna uchtála reachtúla, ag cinntiú go ndearnadh iarratais ar uchtáil agus próisis ghaolmhara a bhainistiú i gcomhréir le ceanglais reachtacha.

Réimse suntasach dul chun cinn i rith na bliana ab ea feabhas leanúnach a chur ar inrochtaineacht taifead agus ar chórais bhainistíochta faisnéise. Trí dhigitiú, innéacsú agus comhtháthú cartlainne leanúnach, cuireadh feabhas ar inrochtaineacht, ar iontaofacht agus ar aisghabháil taifead. Chuidigh an obair seo le freagrúlacht a fheabhsú i bpróiseáil iarratas ar fhaisnéis, ag teacht le misean an Údaráis feidhmiú mar an institiúid chuimhne dár n-úsáideoirí seirbhíse.

D'fhan seirbhísí rianaithe lárnach chomh maith agus thacaigh an tSeirbhís Oibre Sóisialta le daoine aonair agus le teaghlaigh trí phróisis chasta agus íogaire, lena n-áirítear gníomhaíocht rianaithe, idirghabháil agus tacaíocht ghearr-idirghabhála.


Neartaigh an tÚdarás a ról i dtaighde agus i bhforbairt beartais. Chuir foilsiú agus scaipeadh leathan na tuarascála *Lived Experience of Intercountry Adopted Adults in Ireland* go mór leis an mbonn fianaise i mbeartas agus i gcleachtas uchtála. Cuireadh tús le tionscadail bhreise taighde ar fud cohóirt aoise éagsúla, ag tacú le tuiscint níos doimhne ar eispéiris úsáideoirí seirbhíse.

Ag tacú leis na croífheidhmeanna sin, d'infheistigh an tÚdarás i gcumas eagraíochtúil trí thionscnaimh forbartha fórsa saothair, feabhsaithe rialachais agus claochlaithe dhigitigh.

Léiríonn an obair a rinneadh i rith 2025 dul chun cinn i dtreo fhís straitéiseach an Údaráis a bhaint amach maidir le seirbhísí ardchaighdeáin, inrochtana agus iontaofa a bhaineann le huchtáil a sholáthar.

Le linn 2025, lean an tÚdarás le maoirseacht straitéiseach, rialachas agus cumas eagraíochtúil a neartú chun tacú le cur i bhfeidhm Phlean Straitéiseach 2025–2027 agus le comhlíonadh éifeachtach leanúnach a chuid feidhmeanna reachtúla faoin Acht Uchtála, 2010 agus faoin Acht um Fhaisnéis agus Rianú Breithe, 2022.

Chuir foilsiú agus scaipeadh leathan na tuarascála Lived Experience of Intercountry Adopted Adults in Ireland go mór leis an mbonn fianaise i mbeartas agus i gcleachtas uchtála.



Príomhghníomhaíochtaí, Gnóthachtálacha agus Garspriocanna

Seirbhísí uchtála

101 Ordú Uchtála Bhaile deonaithe

110 Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta le huchtáil deonaithe

14 Uchtáil Idir Tíortha tugtha chun críche

250 iontráil déanta i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha, ag aithint uchtálacha a cuireadh i gcrích lasmuigh den Stát

Tionchar: Tacú le leanaí agus le teaghlaigh tríd an bpróiseas uchtála

Rochtain ar Fhaisnéis

Próiseáil déanta ar **845** iarratas bailí ar fhaisnéis bhreithe

6 lá an meán-am slánúcháin

32,800+ cáschomhad innéacsaithe

61,000+ taifead tras-scríofa

Tionchar: Rochtain níos tapúla agus níos fearr ar fhaisnéis phearsanta

Seirbhísí rianaithe agus idirghabhála

258 atreorú rianaithe faighte agus bainistithe le linn 2025

79 cás idirghabhála curtha chun cinn trí mheaitseálacha ar an gClár um Shainroghanna Teagmhála

Tionchar: Tacú le daoine aonair agus le teaghlaigh rochtain a fháil ar fhaisnéis, nasc agus tacaíocht

Ceannaireacht agus rialachas

Cathaoirleach an Bhoird **nua** agus

5 chomhalta ceaptha

Ionadaíocht déanta ar shaineolaithe dlí teaghlaigh/ leanaí, oibrithe sóisialta a bhfuil taithí acu, liachleachtóir agus síceolaí

Tionchar: Rialachas láidir agus cobhsaí agus treocht straitéiseach

Digiteach agus córais

Feidhmiú céimneach Microsoft 365 agus Windows 11

Comhroinnt Comhad Fiontraíochta curtha i bhfeidhm

90%+ iarratas TFC réitithe laistigh de 24 uair an chloig

Réiteach **<24 uair** an chloig ar 75% d'iarratais ar sheirbhísí oifige

Tionchar: Córais, slándáil agus comhoibriú feabhsaithe

Taighde agus beartas



Tuarascáil mhór ar dhaoine fásta uchtaithe idir tíortha foilsithe

Rannpháirtíocht leis na meáin náisiúnta agus le páirtithe leasmhara

Tús curtha le staidéir taighde nua

Tionchar: fianaise níos láidre chun bonn eolais a chur faoi bheartas agus cleachtas

Daoine, eagraíocht

75 tionscnamh oiliúna foirne curtha ar fáil

Suirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe curtha i ngníomh

Amharc-aithne nua seolta agus suíomh gréasáin athdheartha

Cur chun feidhme an Treochláir um Ghníomhú ar son na hAeráide agus tionscnamh inbhuanaitheachta

Tionchar: cumas níos láidre agus éifeachtacht eagraíochtúil

Eolas faoi Údarás Uchtála na hÉireann



Údarás Uchtála na hÉireann is ea an comhlacht reachtúil atá freagrach as an uchtáil in Éirinn a rialú agus a fhormhaoirsiú.

Sainmhínítear feidhmeanna an Údaráis faoin Acht Uchtála, 2010 agus faoin Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022.

I rith 2025, leanamar orainn ag comhlíonadh ár ngealltanais maidir le seirbhísí uchtála den scoth a sholáthar don phobal i gcónaí, agus muid ag díriú go tréan ar ár bpríomhluachanna: béim ar leas an linbh, cáilíocht, cuntasacht agus meas. D'oibríomar i ndlúthchomhar lenár rannóg líne (RLMC), chomh maith le príomhpháirtithe leasmhara.

I measc chroífheidhmeanna an Údaráis tá:

- Cinntí a phróiseáil agus a dhéanamh maidir le hiarratais ar uchtáil;
- Rochtain a sholáthar ar fhaisnéis bhreithe, luathshaoil, cúraim agus leighis;
- Seirbhísí rianaithe agus idirghabhála a sheachadadh;
- Taifid a bhaineann le huchtáil a chothabháil agus a chumhdach;
- Cur le taighde, forbairt beartais agus tuiscint an phobail ar uchtáil.

Freastalaíonn an tÚdarás ar dhaoine uchtaithe, ar theaghlaigh bhreithe, ar theaghlaigh uchtaithe agus ar dhaoine eile a ndeachaigh uchtáil i bhfeidhm orthu.

Leagtar amach i bPlean Straitéiseach 2025–2027 fís an Údaráis maidir le bheith ina

"lárionad barr feabhais agus an phríomhfhoinse údarásach faisnéise, ar gach gné den uchtáil agus seirbhísí a bhaineann leis an uchtáil agus chun na seirbhísí seo a sholáthar ar bhealach atá comhsheasmhach, iontaofa, freagrúil agus ar ardchaighdeán."

Bhí an obair a rinneadh i rith 2025 á treorú ag an bhfís straitéiseach seo agus ag 4 théama straitéiseacha an Phlean Straitéisigh:

1. Na daoine ar a bhfreastalaímid;
2. An obair a dhéanaimid;
3. Iad siúd a sheachadann ár seirbhísí;
4. Mar a sholáthraímid ár seirbhísí.

Lean an dul chun cinn ar fud na dtéamaí straitéiseacha seo de bheith mar bhonn eolais ag pleanáil eagraíochtúil, seachadadh seirbhíse agus maoirseacht rialachais i rith na bliana.

Cuirtear an Plean Straitéiseach i bhfeidhm trí Phleananna Gnó bliantúla, a aistríonn tosaíochtaí straitéiseacha an Údaráis ina gcuspóirí, ina ngníomhartha agus ina mbearta feidhmíochta sonracha i leith gach bliana. Léiríonn na gníomhaíochtaí, na héachtaí agus na garspriocanna a leagtar amach sa tuarascáil seo seachadadh Phlean Gnó 2025 agus cur i bhfeidhm leanúnach Phlean Straitéiseach 2025–2027 an Údaráis.



Na Daoine ar a bhFreastalaímid



Seirbhísí Uchtála

Chomhlíon an tÚdarás a chuid feidhmeanna uchtála reachtúla i rith 2025, ag cinntiú go ndearnadh iarratais ar uchtáil agus próisis ghaolmhara a bhainistiú i gcomhréir le ceanglais reachtacha agus caighdeáin bhunaithe rialála.

Áirítear ar fheidhmeanna uchtála an Údaráis dearbhuithe incháilitheachta agus oiriúnachta a dheonú, orduithe uchtála a dhéanamh agus maoirseacht a dhéanamh ar phróisis uchtála idir tíortha. Is féidir leis an Údarás Uchtála ordú uchtála a dhéanamh tá sé sásta gur duine oiriúnach iad gach duine de na tuismitheoirí uchtaíocha chun cearta agus dualgais tuismitheora a bheith acu i leith an linbh. Caithfidh dearbhú cáilitheachta agus oiriúnachta bailí a bheith ag na tuismitheoirí uchtaíocha agus an t-ordú uchtála á dhéanamh.

I rith na bliana, choinnigh an tÚdarás béim láidir ar thrédhearcacht, ar shláine nós imeachta agus ar chomhsheasmhacht ar fud na gníomhaíochta uile a bhaineann le huchtáil.

Agus a chuid feidhmeanna reachtúla á gcomhlíonadh aige, chinntigh an tÚdarás go raibh leas an linbh fós ar an gcéad bhreithniú agus ar an bpríomhbhreithniú i gcinnteoireacht agus i bpróisis ar bith a bhaineann le huchtáil.



Leanadh ar aghaidh le hathbhreithnithe ar mheasúnuithe uchtála ar fud cásanna uchtála baile agus idir tíortha.

Rinneadh measúnú ar iarratais trí phróisis struchtúrtha agus láidre atá deartha chun a chinntiú go gcomhlíontar critéir reachtúla agus chun leas an linbh a chosaint.

Chomh maith leis sin, chuaigh an tÚdarás i dteagmháil leis an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais agus le páirtithe leasmhara eile maidir le forbairtí reachtaíochta agus beartais a bhfuil tionchar acu ar uchtáil agus ar fhoirmiú teaghlaigh.

Mar chuid den obair sin, breithníodh go leanúnach na nithe seo a leanas:

- Samhlacha foirmithe teaghlaigh atá ag teacht chun cinn;
- Uchtáil oscailte agus leathoscailte;
- Forbairtí ar uchtálacha idir tíortha;
- Caighdeáin uchtála sa todhchaí;
- Athchóiriú reachtach

Choinnigh an tÚdarás creat uchtála cobhsaí agus éifeachtach, ag cinntiú an méid seo a leanas:

- Ceanglais reachtacha a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- Cinnteoireacht thrédhearcach agus chuntasach;
- Maoirseacht leanúnach ar phróisis uchtála intíre agus idir tíortha;
- Muinín an phobail as sláine an chórais uchtála.

Aithníonn an tÚdarás go bhfuil an tírdhreach uchtála ag forbairt go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta i gcónaí. Dá bhrí sin, tá sé fós ina phríomhthosaíocht straitéiseach creat uchtála nua-aimseartha, freagrúil agus iontaofa a choinneáil.

Leanfaidh obair amach anseo ag díriú ar phróisis uchtála a neartú, ag tacú le forbairt beartais agus ag cinntiú go bhfanfaidh an tÚdarás freagrúil d'fhorbairtí maidir le huchtú agus foirmiú teaghlaigh.

Rochtain ar Fhaisnéis Bhreithe agus Luathshaoil

Bhí feabhas ar rochtain ar fhaisnéis fós ar cheann de na réimsí fócais oibríochtúla agus straitéiseacha ba shuntasaí ag an Údarás le linn 2025.

Chuir an tÚdarás faisnéis bhreithe, luathshaoil, cúraim agus leighis ar fáil do dhaoine uchtaithe agus do dhaoine eile incháilithe faoin Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022. Tacaíonn an obair seo le daoine atá ag iarraidh tuiscint níos fearr a fháil ar a bhféiniúlacht, ar a stair phearsanta agus ar a naisc teaghlaigh.

Aithníonn an tÚdarás gur féidir le rochtain ar fhaisnéis a bheith ina céim shuntasach agus mhothúchánach do go leor daoine. Dá bhrí sin, bhí forbairt seirbhísí faisnéise inrochtana, trédhearcacha agus freagrúla fós ina príomhthosaíocht straitéiseach i rith na bliana.

Leanadh ar aghaidh le hobair shuntasach i ndigitiú, innéacsú agus comhtháthú taifead ar fud chórais chartlainne agus bhainistíochta faisnéise an Údaráis. Neartaigh na forbairtí sin cumas an Údaráis faisnéis a aisghabháil agus a fhíorú go héifeachtúil agus ag an am céanna, feabhas a chur ar chomhsheasmhacht i bpróiseáil iarratas.

Rochtain ar Fheidhmíocht Faisnéise 2025

Gníomhaíocht	2025
Iarratais bhailí ar fhaisnéis bhreithe próiseáilte	845
Meán-am slánúcháin	6 lá
Iontrálacha cáschomhaid innéacsaithe	32,800+
Taifid stairiúla tras-scríofa	61,000+
Seiceálacha déanta ar an gClár um Shainroghanna Teagmhála	2,300+
Ceisteanna úsáideoirí seirbhíse arna mbainistiú	3,200+
Cásanna stairiúla a ndearnadh athscrúdú orthu	540+

Rinne an tÚdarás athscrúdú chomh maith ar cháschomhaid stairiúla i gcoinne taifead nua-fhaighte. Chumasaigh an obair seo faisnéis bhreise a shainaithint agus thacaigh sí le freagraí níos cuimsithí ar iarratasóirí nuair ba chuí.

Chuir an dul chun cinn a rinneadh i rith na bliana leis na nithe seo a leanas:

- Inrochtaineacht fheabhsaithe ar thaifid;
- Amanna próiseála laghdaithe;
- Comhsheasmhacht neartaithe maidir le faisnéis a scaoileadh;
- Éifeachtúlacht oibríochtúil fheabhsaithe;
- Taithí fheabhsaithe ar an úsáideoir seirbhíse;
- Inrochtaineacht mhéadaithe ar fhaisnéis a bhaineann le huchtáil.

Chomh maith leis sin, rinne an tÚdarás an Clár um Shainroghanna Teagmhála a choinneáil agus a bhainistiú, ag tacú le daoine aonair roghanna maidir le teagmháil agus comhroinnt faisnéise a thaifeadadh.

Tacaíonn feabhsú leanúnach na gcóras taifead le huaillmhian straitéiseach an Údaráis gníomhú mar institiúid chuimhne iontaofa dóibh siúd a dtéann uchtú i bhfeidhm orthu agus a chinntiú ag an am céanna go gcosnaítear taifid go cuí do na glúnta atá le teacht.

In 2026, leanfaidh an tÚdarás de chomhtháthú taifead a neartú, de ghníomhaíocht dhigitithe a leathnú agus de chórais rochtana digití a fheabhsú tuilleadh chun tacú

Seirbhísí Rianaithe agus Idirghabhála

Bhí seirbhísí rianaithe agus idirghabhála lárnach d'obair an Údaráis i gcónaí i rith 2025.

Trína Sainseirbhís Oibre Sóisialta, thacaigh an tÚdarás le daoine aonair atá ag iarraidh teagmháil a bhunú le baill teaghlaigh, soiléireacht a fháil maidir le stair phearsanta nó nascleanúint a dhéanamh ar chaidrimh chasta a bhaineann le huchtáil.

Aithníonn an tÚdarás cineál an-phearsanta na gníomhaíochta rianaithe agus a thábhachtaí atá sé a chinntiú go soláthraítear na seirbhísí seo le comhbhá, gairmiúlacht agus meas ar gach páirtí lena mbaineann.

I rith na bliana, d'éirigh leis an tSeirbhís Oibre Sóisialta líon suntasach gníomhaíochtaí rianaithe agus idirghabhála a bhainistiú faoin Acht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022.

Gníomhaíocht Rianaithe agus Idirghabhála 2025

Gníomhaíocht	2025
Atreoruithe rianaithe faighte	258
Cásanna rianaithe a leithdháiltear le haghaidh idirghabhála	239
Cásanna idirghabhála a eascraíonn as an gClár um Shainroghanna Teagmhála	79
Atreoruithe gearra idirghabhála arna mbainistiú	49
Athbhreithnithe ar mheasúnuithe uchtála curtha i gcrích	228

Is minic a bhíonn teagmháil fhairsing le taifid stairiúla, comhar idirghníomhaireachta agus measúnú cúramach cásanna i gceist le gníomhaíocht rianaithe. Ar an gcaoi chéanna, teastaíonn cur chuige cothrom agus íogair ó sheirbhísí idirghabhála, lena n-aithnítear riachtanais agus roghanna gach duine lena mbaineann.

Neartaigh an tÚdarás tacaíochtaí chomh maith d'uchtaithe idir tíortha atá ag iarraidh bunús agus naisc teaghlaigh a rianú go hidirnáisiúnta.

Chuir an obair a rinneadh i rith na bliana leis na nithe seo a leanas:

- Freagrúlacht fheabhsaithe i seirbhísí rianaithe;
- Cleachtas neartaithe duinelárnach;
- Inrochtaineacht mhéadaithe ar thacaíochtaí rianaithe;
- Teagmháil fheabhsaithe le húsáideoirí seirbhíse;
- Forbairt leanúnach ar mhúnla rianaithe an Údaráis.

Chuir an tSeirbhís Oibre Sóisialta idirghabhálacha gearra ar fáil –– tacaíocht ghearrthéarmach, dhírithe – agus seirbhísí tacaíochta do dhaoine aonair a raibh tionchar ag saincheisteanna a bhaineann le huchtáil orthu.

Leag aiseolas ó úsáideoirí seirbhíse béim ar an tábhacht a bhaineann le tacaíocht ghairmiúil, cumarsáid shoiléir agus leanúnachas rannpháirtíochta le linn an phróisis rianaithe agus idirghabhála.

Leanfaidh an tÚdarás lena mhúnla rianaithe a bheachtú, rannpháirtíocht páirtithe leasmhara a neartú agus tacaíochtaí a fheabhsú d'úsáideoirí seirbhíse atá ag plé le seirbhísí rianaithe agus idirghabhála.

Cumarsáid agus Rannpháirtíocht

Bhí tacaíocht a thabhairt d'eispéireas dearfach úsáideoirí agus do thuiscint an phobail fós ina réimse gníomhaíochta tábhachtach le linn 2025.


Neartaigh an tÚdarás an chumarsáid le húsáideoirí seirbhísí agus páirtithe leasmhara trí acmhainní faisnéise inrochtana, feabhsú an tsuímh gréasáin agus gníomhaíocht rannpháirtíochta poiblí a fhorbairt.

Aithníonn an tÚdarás an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go bhfuil faisnéis a bhaineann le seirbhísí uchtála agus rianaithe soiléir, inrochtana agus freagrúil do riachtanais na ndaoine a bhíonn ag plé le seirbhísí.


Thacaigh gníomhaíocht chumarsáide agus rannpháirtíochta i rith na bliana chomh maith le cuspóir straitéiseach an Údaráis maidir le feabhas a chur ar thuiscint agus inrochtaineacht an phobail i seirbhísí a bhaineann le huchtáil.

Thacaigh gníomhaíocht rannpháirtíochta páirtithe leasmhara i rith na bliana chomh maith le cuspóir straitéiseach an Údaráis maidir le muinín agus trédhearcacht an phobail a neartú.

Cumarsáid, Rannpháirtíocht agus Feasacht Phoiblí 2025















An Obair a Dhéanaimid



Uchtáil Idir Tíortha agus Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta

Chomhlíon Údarás Uchtála na hÉireann a ról mar an tÚdarás Lárnach ainmnithe i ndáil le huchtáil idir tíortha in Éirinn faoi Choinbhinsiún na Háige um Chosaint Leanaí agus Comhar i leith Uchtáil Idir Tíortha. Le linn 2025, choinnigh an tÚdarás maoirseacht ar phróisis uchtála idir tíortha agus chuaigh sé i dteagmháil le comhlachtaí creidiúnaithe, údaráis eachtracha agus páirtithe leasmhara idirnáisiúnta chun tacú le cleachtais uchtála eiticiúla, trédhearcacha agus dírithe ar an leanbh.

Feabhsaíodh feasacht eagraíochtúil an Údaráis ar fhorbairtí atá ag teacht chun cinn maidir le huchtáil idir tíortha, tacaíochtaí iar-uchtála agus cleachtas idirnáisiúnta trí rannpháirtíocht bhaill foirne i bhfóraim idirnáisiúnta agus trí theagmháil chomhoibritheach le comhpháirtithe Eorpacha. Thacaigh rannpháirtíocht le comhlachtaí creidiúnaithe agus comhpháirtithe idirnáisiúnta le maoirseacht, dearbhú rialála agus comhroinnt faisnéise i ndáil le próisis uchtála idir tíortha.

Comhlachtaí Creidiúnaithe

Chomhlíon an tÚdarás a fhreagrachtaí creidiúnaithe agus maoirseachta le linn 2025 de réir an Achta Uchtála 2010 agus Choinbhinsiún na Háige. Le linn na bliana, rinneadh cigireacht amháin ar chomhlacht creidiúnaithe agus chríochnaigh 2 chomhlacht chreidiúnaithe próisis athchreidiúnaithe agus lean creidiúnú an tríú comhlacht de bheith bailí. Ní dhearnadh aon chomhlacht creidiúnaithe a dhíchlárú go foirmiúil in 2025.

Dhírigh gníomhaíocht mhaoirseachta i rith na bliana ar thacú le comhlíonadh, cuntasacht agus dearbhú rialála ar fud soláthraithe creidiúnaithe seirbhísí uchtála.

Clár na gComhlachtaí Creidiúnaithe 2025

Comhlacht Creidiúnaithe	Dáta an chreidiúnaithe
Seirbhís Iar-Uchtála Barnardos, 23/24 Sráid Buckingham, Baile Átha Cliath 1.	10/09/2025
Helping Hands Adoption Facilitation Agency, ag trádáil mar Helping Hands Adoption Mediation Agency, An Lochta, Ionad Bessboro, Bóthar na Dúcharraige, Corcaigh	02/03/2023
PACT, 18D Páirc Oifigí an Gharráin Chnó, Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath 14.	23/06/2025

Ról na dTaifead, na gCartlann agus na hInstitiúide Cuimhne

Bhí ról ríthábhachtach ag feidhmeanna na Cartlainne agus na dTaifead in obair an Údaráis i rith 2025.

Gníomhaíocht Taifid agus Cartlainne 2025

Gníomhaíocht	2025
Iontrálacha cáschomhaid innéacsaithe	**32,800+**
Taifid stairiúla tras-scríofa	**61,000+**
Cásanna stairiúla a athbhreithníodh	**540+**
Eisiúintí eolais fhorlíontaigh	**27**
Bailiúcháin taifead a fuarthas faoi Alt 48	**3**

Lean an tÚdarás de thaifid a bhfuil tábhacht fhadtéarmach stairiúil agus phearsanta ag baint leo a fháil, a chaomhnú agus a bhainistiú de réir na gceanglas reachtúil.

Taifid a Fuarthas le linn 2025

Treoir Eisithe chuig	Taifid Ábhartha
Ard-Deoise Chaitliceach Rómhánach Bhaile Átha Cliath	Cóip chrua de chomhaid úsáideora seirbhíse (1944–1971)
Teach Altranais Naomh Iósaf (Príobháideach), Baile Átha Cliath 8	Leabhair Thaifid agus Sonraí Máithreachais (1936–1952)
Teach Altranais San Anna (Príobháideach), Baile Átha Luain	Leabhair Thaifid agus Sonraí Máithreachais (1964–1974)

Tacaíonn caomhnú agus bainistiú taifead le seachadadh seirbhíse oibríochtúla agus le huaillmhian straitéiseach níos leithne an Údaráis gníomhú mar institiúid chuimhne d'úsáideoirí seirbhíse.

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar an obair seo a leanas:

- Fáil taifead;
- Caomhnú cartlainne;
- Catalógú agus tras-scríobh;
- Rialachas faisnéise.

Thacaigh an tÚdarás le riar an stáit ar thionscnaimh náisiúnta, ar nós Scéim Íocaíochta Institiúidí na dTeaghlach Máithreacha agus Leanaí. Seachadadh é seo trí sheirbhísí seomraí taighde a sholáthar d'oifigigh ainmnithe ó Oifig an Phríomhoifigigh Bhreithiúnachta don Scéim.

Lean an tÚdarás air ag cur lena chlár athphacáistithe cartlainne. Chabhraigh an obair seo le taifid thábhachtacha ábhartha a chaomhnú go héifeachtach, agus ar an gcaoi sin, tacú lena n-inrochtaineacht leanúnach sa todhchaí.

Neartaigh an tÚdarás rialachas cartlainne chomh maith, taifeadann sé socruithe cosanta agus caomhnaithe chun tacú le riachtanais oibríochtúla reatha agus le freagrachtaí maoirseachta fadtéarmacha araon.

Tacaíonn an obair seo le huaillmhian straitéiseach an Údaráis gníomhú mar institiúid chuimhne iontaofa d'úsáideoirí seirbhíse agus do na glúnta atá le teacht.

Forbairt Taighde agus Beartas

Ba straitéiseach agus tábhachtach an ról a bhí ag an taighde in obair an Údaráis le linn 2025.

Trína ghníomhaíocht taighde, cuireann an tÚdarás le tuiscint níos leithne ar eispéiris uchtála, cuireann sé bonn eolais faoi fhorbairt beartais agus tacaíonn sé le feabhsú seirbhíse atá bunaithe ar fhianaise.

Chuir an tÚdarás cur chun feidhme a Straitéise Taighde chun cinn agus é ag tacú le tionscadail a bhaineann le huchtú, rianú, uchtú idir tíortha agus foirmiú teaghlaigh.

I rith na bliana, déanann an tÚdarás an méid seo a leanas:

- Mórthaighde a fhoilsiú agus a scaipeadh maidir le taithí saoil daoine fásta uchtaithe idir tíortha in Éirinn;
- Staidéir bhreise a chur chun cinn lena mbaineann cohóirt níos óige agus eispéiris a bhaineann le huchtáil;
- Páirt a ghlacadh i rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, i gcuir i láthair agus i ngníomhaíocht scaipthe;
- Comhoibriú neartaithe le taighdeoirí, lucht acadúil agus páirtithe leasmhara earnála.

Díríodh go háirithe i rith na bliana ar a chinntiú go bhfuil taithí saoil fós lárnach i ngníomhaíocht taighde.

Rinneadh torthaí taighde a scaipeadh trí fhoilseacháin, trí chur i láthair agus trí rannpháirtíocht páirtithe leasmhara:

Ba straitéiseach agus tábhachtach an ról a bhí ag an taighde in obair an Údaráis le linn 2025.

Trína ghníomhaíocht taighde, cuireann an tÚdarás le tuiscint níos leithne ar eispéiris uchtála, cuireann sé bonn eolais faoi fhorbairt beartais agus tacaíonn sé le feabhsú seirbhíse atá bunaithe ar fhianaise.

- Infheictheacht obair an Údaráis a mhéadú;
- Tuiscint an phobail ar shaincheisteanna a bhaineann le huchtáil a neartú;
- Plé beartais agus forbairt seirbhíse a chur ar an eolas;
- Cleachtas atá bunaithe ar fhianaise a fheabhsú ar fud na hearnála.

Neartaíodh rannpháirtíocht le hinstitiúidí acadúla, taighdeoirí agus páirtithe leasmhara earnála chomh maith.

Déanfaidh an tÚdarás a ról mar cheannródaí i dtaighde a bhaineann le huchtú agus i bhforbairt beartais atá bunaithe ar fhianaise a chomhdhlúthú tuilleadh.

Trí scaipeadh taighde, rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus rannpháirtíocht leanúnach leis an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais, rinneadh ranníocaíochtaí le plé beartais agus reachtaíochta níos leithne a bhaineann le huchtáil, rianú, foirmiú teaghlaigh agus rochtain ar fhaisnéis.

Thacaigh gníomhaíocht taighde tuilleadh le forbairt beartais atá bunaithe ar fhianaise, foghlaim eagraíochtúil agus feabhsú seirbhíse.

Aschuir agus Scaipeadh Taighde 2025

Mórthaighde foilsithe agus scaipthe

Staidéir bhreise curtha chun cinn

Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus scaipeadh eolais

Comhoibriú neartaithe

Béim ar thaithí saoil

Rinneadh torthaí taighde a scaipeadh trí fhoilseacháin, trí chur i láthair agus trí rannpháirtíocht páirtithe leasmhara:

Infheictheacht obair an Údaráis a mhéadú;

Tuiscint an phobail ar shaincheisteanna a bhaineann le huchtáil a neartú

Plé beartais agus forbairt seirbhíse a chur ar an eolas

Cleachtas atá bunaithe ar fhianaise a fheabhsú ar fud na hearnála



Cáilíocht, Caighdeáin agus Forbairt Seirbhíse

Le linn 2025, neartaigh an tÚdarás cáilíocht seirbhíse, comhsheasmhacht agus foghlaim eagraíochtúil i ngach réimse gníomhaíochta.

Rinne an eagraíocht athbhreithniú ar phróisis, neartaigh sí treoir oibríochtúil agus thacaigh sí le tionscnaimh feabhsúcháin leanúnacha atá deartha chun feabhas a chur ar sheachadadh seirbhíse.

Cuireadh béim ar leith ar:

- Taithí fheabhsaithe an úsáideora;
- Comhsheasmhacht i seachadadh seirbhíse a neartú;
- Tacú le hobair chomhtháite ar fud seirbhísí;
- Inrochtaineacht a fheabhsú;
- Freagrúlacht a fheabhsú.

Tacaíonn na forbairtí seo leis an gcuspóir straitéiseach seirbhísí poiblí iontaofa ardchaighdeáin a sholáthar.

Dhírigh gníomhaíocht feabhsúcháin leanúnach i rith na bliana chomh maith ar chomhsheasmhacht, dearbhú rialachais, treoir oibríochtúil agus foghlaim eagraíochtúil a neartú ar fud gach réimse seirbhíse.

Aithnítear an tábhacht a bhaineann le creataí cáilíochta seirbhíse a chothabháil a thacaíonn le cuntasacht, freagrúlacht agus seachadadh seirbhíse poiblí

Dhírigh gníomhaíocht feabhsúcháin leanúnach i rith na bliana chomh maith ar chomhsheasmhacht, dearbhú rialachais, treoir oibríochtúil agus foghlaim eagraíochtúil a neartú ar fud gach réimse seirbhíse.

Iad Siúd a Sheachadann ár Seirbhísí




Cumas an Lucht Saothair agus "ÚUÉ Amháin"

Ag deireadh 2025, d'fhostaigh an tÚdarás 56 ball foirne ar fud feidhmeanna oibríochtúla, oibre sóisialta, rialála, rialachais agus tacaíochta corparáidí.

Aithníonn an tÚdarás go mbraitheann seachadadh éifeachtach seirbhísí a bhaineann le huchtáil ar fhórsa saothair oilte, rannpháirteach agus tacaithe.

Le linn 2025, chuir an eagraíocht tionscnaimh chun cinn atá deartha chun cumas foirne a neartú, comhoibriú a fheabhsú agus tacú le comhtháthú eagraíochtúil trí chur chun feidhme an chur chuige "ÚUÉ Amháin".

Thacaigh infheistíocht i bhfoghlaim agus i bhforbairt, folláine foirne agus cumarsáid inmheánach le forbairt an Údaráis mar eagraíocht seirbhíse poiblí nua-aimseartha agus freagrúil.



Le linn 2025, chuir an eagraíocht tionscnaimh chun cinn atá deartha chun cumas foirne a neartú, comhoibriú a fheabhsú agus tacú le comhtháthú eagraíochtúil trí chur chun feidhme an chur chuige "ÚUÉ Amháin".

I rith na bliana:

- Cuireadh 75 gníomhaíocht oiliúna agus forbartha ar fáil;
- Rinneadh pleanáil fórsa saothair agus gníomhaíocht earcaíochta ar fud príomhréimsí feidhme;
- Forbraíodh tionscnaimh rannpháirtíochta foirne agus gach imeacht foirne;
- Thacaigh tionscnaimh forbartha eagraíochtúla le comhoibriú trasfheidhmiúil.

Chuir an tÚdarás tionscnaimh phleanála fórsa saothair chun cinn chomh maith agus iad deartha lena chinntiú go bhfuil na scileanna, na struchtúir agus an cumas ag an eagraíocht atá ag teastáil chun cuspóirí Phlean Straitéiseach 2025 -2027 a bhaint amach.

Chuir na tionscnaimh seo leis na nithe seo a leanas:

- Comhtháthú eagraíochtúil neartaithe;
- Rannpháirtíocht fheabhsaithe foirne;
- Comhroinnt eolais fheabhsaithe;
- Athléimneacht eagraíochtúil mhéadaithe;
- Ailíniú feabhsaithe idir tosaíochtaí straitéiseacha agus seachadadh oibríochtúil.

Foghlaim agus Forbairt

Dhírigh gníomhaíocht foghlama agus forbartha i rith na bliana ar chumas gairmiúil a neartú, forbairt ceannaireachta a thacú agus eolas eagraíochtúil a fheabhsú.

Thacaigh tionscnaimh oiliúna agus forbartha le baill foirne i ngach réimse den eagraíocht, lena n-áirítear:

- Cleachtadh oibre sóisialta;
- Rialachas faisnéise;
- Cosaint sonraí
- Rialachas agus comhlíonadh;
- Ceannaireacht agus bainistíocht;
- Córais dhigiteacha.

Tugadh tacaíocht do chultúr na foghlama leanúnaí agus na forbartha gairmiúla ar fud na heagraíochta. Neartaigh tionscnaimh foghlama agus forbartha cumas rialachais, comhlíontachta agus eagraíochtúil chomh maith.

I measc na gníomhaíochta oiliúna, bhí réimsí a bhain le:

- Rialachas agus cuntasacht;
- Rialachas faisnéise;
- Eiticí agus comhlíonadh;
- Córais dhigiteacha agus cibearshlándáil;
- Comhionannas agus inrochtaineacht;
- Cáilíocht seirbhíse agus cleachtas gairmiúil.


Folláine agus Rannpháirtíocht Foirne

Chuir an tÚdarás folláine agus rannpháirtíocht na foirne chun cinn i rith 2025 le raon tionscnamh a forbraíodh agus a seachadadh chun tacú le folláine, cumarsáid agus rannpháirtíocht eagraíochtúil na bhfostaithe.

Cuireann tacú le folláine na foirne go díreach le héifeachtacht eagraíochtúil agus le cáilíocht seirbhíse. I measc na dtionscnamh folláine foirne i rith na bliana, bhí rochtain ar an gClár Cúnaimh d'Fhostaithe agus tacaíochtaí folláine eagraíochtúla eile.

Chuir an tÚdarás folláine agus rannpháirtíocht na foirne chun cinn i rith 2025 le raon tionscnamh a forbraíodh agus a seachadadh chun tacú le folláine, cumarsáid agus rannpháirtíocht eagraíochtúil na bhfostaithe.

Mar a Sholáthraímid ár Seirbhísí



Rialachas agus Maoirseacht

D'oibrigh an tÚdarás laistigh de chreat rialachais struchtúrtha a ceapadh chun tacú le cuntasacht, trédhearcacht agus maoirseacht éifeachtach ar a fheidhmeanna reachtúla agus a chuspóirí straitéiseacha. Choinnigh an Bord maoirseacht i rith na bliana ar fheidhmíocht eagraíochtúil, ar chur i bhfeidhm straitéiseach, ar rialachas agus ar bhainistiú riosca agus thacaigh a choistí, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Coiste Taighde leis san obair seo.

Feidhmíonn an tÚdarás i gcomhréir leis an gCód Cleachtais atá i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Tugadh téarma oifige an Bhoird roimhe seo chun críche ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2025, tar éis a mhaoirsithe ar an eagraíocht le linn tréimhse ina raibh athrú suntasach ar an reachtaíocht agus ar an eagraíocht, lena n-áirítear cur chun feidhme an Achta um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú 2022 agus forbairt Phlean Straitéiseach 2025-2027. Chuir Bord nuacheaptha tús lena théarma i mí na Nollag 2025. Rinneadh an t-aistriú a bhainistiú ar bhealach ordúil, rud a chinntigh leanúnachas rialachais, maoirseachta agus ceannaireachta eagraíochtúla i rith na tréimhse. Áiríodh i ngníomhaíocht forbartha rialachais i rith na bliana fócas leanúnach ar éifeachtacht, ionduchtú agus socruithe maoirseachta an Bhoird chomh maith.

Bainistíocht Riosca agus Rialú Inmheánach

Thacaigh socruithe bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh le maoirseacht eagraíochtúil, athléimneacht oibríochtúil agus seachadadh feidhmeanna reachtúla i rith 2025. Bhí maoirseacht rialachais dírithe ar rioscaí a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar fheidhmíocht eagraíochtúil, ar sheirbhísí agus ar chuspóirí straitéiseacha a aithint, a mhonatóiriú agus a bhainistiú.

I measc na bpríomhrioscaí a sainaithníodh, bhí:

- acmhainn agus cumas acmhainní a chur ar fáil;
- castacht na dtaifead stairiúil;
- athrú reachtaíochta agus oibríochtúil;
- spleáchais ar pháirtithe leasmhara seachtracha;
- dúshláin bhainistíochta sonraí agus faisnéise.

Díríodh gníomhaíocht mhaolaithe ar mhaoirseacht rialachais, ar phleanáil oibríochtúil, ar rialuithe eagraíochtúla agus ar leanúnachas seirbhíse i bpríomhréimsí gníomhaíochta.

Leanadh ar aghaidh le hoibríochtaí laistigh de thimpeallacht chasta dhlíthiúil agus rialála atá ag teacht chun cinn agus a bhaineann le huchtú, le rianú agus le foirmiú teaghlaigh.

Claochlú Digiteach agus Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Thacaigh an claochlú digiteach le cuspóirí straitéiseacha an Údaráis i rith 2025.

Neartaigh cur chun feidhme agus feabhsú na gcóras digiteach bainistiú taifead, próiseáil sonraí, comhoibriú agus éifeachtúlacht oibríochtúil.

I measc na bpríomhfhorbairtí i rith na bliana, bhí:

- feidhmiú céimneach leanúnach Microsoft 365 agus Windows 11;
- córais chomhroinnte comhad fiontraíochta a chur chun feidhme;
- cumas próiseála sonraí agus bainistíochta faisnéise neartaithe;
- freagrúlacht tacaíochta TFC feabhsaithe, agus os cionn 90% d'iarratais ar thacaíocht theicniúil TFC réitithe laistigh de 24 uair an chloig.

Áiríodh leis an ngníomhaíocht chlaochlaithe dhigitigh i rith na bliana chomh maith rannpháirtíocht le tionscnaimh chomhroinnte TFC na hearnála poiblí agus bonneagar a dtacaítear leo trí chlár Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais *Build to Share*.

Thacaigh infheistíocht i mbonneagar TFC leis na nithe seo a leanas chomh maith:

- inrochtaineacht fheabhsaithe ar eolas;
- córais fheabhsaithe slándála;
- athléimneacht mhéadaithe eagraíochtúil;
- comhar inmheánach neartaithe;
- seachadadh seirbhíse níos éifeachtúla.

Neartaíodh cumas digiteach inmheánach, rud a laghdaigh an spleáchas ar shocruithe próiseála seachtracha.

Rinneadh dul chun cinn i rith na bliana chomh maith chun tacú le hullmhacht eagraíochtúil i ndáil le riachtanais rialachais dhigitigh agus riachtanais bhainistíochta faisnéise atá ag teacht chun cinn.

Feidhmíocht agus Soláthar Córais TFC

Thacaigh infheistíocht i mbonneagar TFC leis na nithe seo a leanas chomh maith:

1,119 iarratas TFC

90%+ iarratas réitithe laistigh de 24 uair an chloig

Feidhmiú céimneach Microsoft 365

Comhroinnt Comhad Fiontraíochta curtha i bhfeidhm

Seirbhísí Corparáideacha agus Tacaíocht Oibriúcháin

Sholáthar Seirbhísí Corparáideacha an bunús oibríochtúil agus rialachais a theastaíonn chun tacú le croífheidhmeanna na heagraíochta.

Mar chuid den obair sin, bhí:

- bainistíocht airgeadais;
- soláthar;
- bainistíocht saoráidí;
- tacaíocht rialachais;
- cumarsáid;
- pleanáil eagraíochtúil.

Cuireadh feabhas ar chórais oibríochtúla inmheánacha agus ar chreataí beartais i rith na bliana. Tacaíonn na forbairtí seo le seirbhísí poiblí cuntasacha, éifeachtacha agus inbhuanaithe a sheachadadh.

Thacaigh Seirbhísí Corparáideacha chomh maith le freagraí ar cheisteanna parlaiminte, agus ar phróisis chuntasachta roinne agus poiblí.

Cuireadh feabhas ar chórais oibríochtúla inmheánacha agus ar chreataí beartais i rith na bliana. Tacaíonn na forbairtí seo le seirbhísí poiblí cuntasacha, éifeachtacha agus inbhuanaithe a sheachadadh.


Gníomhú ar son na hAeráide agus na hInbhuanaitheachta

Dhírigh gníomhaíocht le linn na bliana ar chur i bhfeidhm Threochlár Gníomhaithe ÚUÉ ar son na hAeráide agus ar thionscnaimh oibríochtúla a ceapadh chun tacú le cleachtais oibre inbhuanaithe agus claochlú digiteach.

Ina measc sin, bhí:

- úsáid mhéadaithe a bhaint as uirlisí comhair dhigitigh;
- laghdú leanúnach ar phróisis riaracháin pháipéarbhunaithe;
- gníomhaíocht feasachta agus rannpháirtíochta a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus le héifeachtúlacht eagraíochtúil.

Thacaigh na bearta sin le seachadadh seirbhíse níos éifeachtúla, athléimneacht oibríochtúil agus inrochtaineacht fheabhsaithe ar fud na seirbhísí.



Comhlíonadh agus Trédhearcacht



Choinnigh an tÚdarás béim láidir ar chuntasacht, ar thrédhearcacht agus ar chomhlíonadh i rith 2025.

Thacaigh gníomhaíocht chomhlíonta i rith na bliana le cuspóirí straitéiseacha níos leithne an Údaráis maidir le muinín an phobail a neartú, oscailteacht i riarachán poiblí a chinntiú agus socruithe láidre rialachais a choinneáil.

D'oibrigh an tÚdarás faoi chuimsiú na reachtaíochta ábhartha, riachtanais rialachais na hearnála poiblí agus rialuithe beartais inmheánaigh, lena n-áirítear an tAcht Uchtála 2010 agus an tAcht um Fhaisnéis agus Rianú Breithe 2022. D'fheidhmigh an tÚdarás i gcomhréir lena Chód Rialachais, atá i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Saoráil Faisnéise

Lean an tÚdarás ar aghaidh ag próiseáil iarrataí um Shaoráil Faisnéise de réir an Achta um Shaoráil Faisnéise agus na n-oibleagáidí reachtúla a bhaineann leis.

Tá an tÚdarás tiomanta i gcónaí d'oscailteacht, do thrédhearcacht agus do chuntasacht i seachadadh seirbhísí agus thacaigh sé le rochtain ar fhaisnéis trí phróisis fhoirmiúla um Shaoráil Faisnéise agus trí theagmháil réamhghníomhach le húsáideoirí seirbhíse araon.

Le linn 2025:

- Fuarthas agus próiseáladh 42 iarratas Saorála Faisnéise;
- Próiseáladh gach iarratas laistigh de na tréimhsí ama reachtúla;
- Ní bhfuarthas aon iarratas faoi na rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol.


Thacaigh an tÚdarás chomh maith le feasacht agus tuiscint na foirne ar oibleagáidí um Shaoráil Faisnéise trí threoir agus tacaíocht oibríochtúil.

Tacaíonn gníomhaíocht Saorála Faisnéise an Údaráis leis an méid seo a leanas:

- Trédhearcacht sa riarachán poiblí;
- Rochtain fheabhsaithe an phobail ar fhaisnéis;
- Cuntasacht i gcinnteoireacht eagraíochtúil;
- Muinín an phobail i gcleachtais rialachais agus bainistíochta taifead an Údaráis.

Comhlíonadh agus Trédhearcacht 2025

Saoráil Faisnéise: 42 iarratas próiseáilte, 100% díobh laistigh den fhráma ama reachtúil



Cosaint Sonraí: 20 Iarratas ó Dhuine ar a Shonraí próiseáilte agus comhlíonadh agus feasacht RGCS leanúnach



Nochtadh Cosanta: ní bhfuarthas aon nochtadh; nósanna imeachta coinnithe agus inrochtana



Eitic agus Rialachas: Comhlíonadh coinnithe le hoibleagáidí a bhaineann le nochtadh agus creataí rialachais



Cosaint Sonraí

Chomhlíon an tÚdarás a oibleagáidí faoin reachtaíocht um chosaint sonraí, lena n-áirítear an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS).

I bhfianaise chineál an-íogair na dtaifead agus na faisnéise pearsanta a bhainistíonn an tÚdarás, d'fhan cosaint sonraí agus rialachas faisnéise ina dtosaíochtaí suntasacha oibríochtúla i rith na bliana.

Le linn 2025:

- Fuarthas agus próiseáladh 20 iarratas Saorála Faisnéise;
- Leanadh ar aghaidh le gníomhaíocht feasachta agus oiliúna um chosaint sonraí ar fud na heagraíochta;
- Rinneadh rialuithe rialachais faisnéise agus nósanna imeachta oibríochtúla a athbhreithniú agus a neartú;
- Coinníodh próisis shlán láimhseála agus stórála faisnéise ar fud na gcóras digiteach agus cartlainne.

Chomh maith leis sin, neartaigh an tÚdarás comhoibriú idir aonaid oibríochtúla, cartlanna agus feidhmeanna TFC chun tacú le cleachtais chomhlíontacha bainistíochta faisnéise.

Chuir na bearta seo leis na nithe seo a leanas:

- Cosaint neartaithe ar fhaisnéis phearsanta;
- Feasacht eagraíochtúil fheabhsaithe ar oibleagáidí cosanta sonraí;
- Muinín fheabhsaithe i láimhseáil an Údaráis ar thaifid íogaire;
- Socruithe rialachais agus comhlíontachta neartaithe.

Nochtuithe Cosanta

Choinnigh an tÚdarás nósanna imeachta de réir an Achta um Nochtadh Cosanta agus thacaigh sé le cultúr cuntasachta agus ionracais.

Le linn 2025:

- Ní bhfuarthas Nochtuithe Cosanta ar bith;
- D'fhan nósanna imeachta agus treoir maidir le nochtadh cosanta inrochtana don fhoireann;
- Lean creataí comhlíonta rialachais ar aghaidh ag tacú le cuntasacht eagraíochtúil.

Tacaíonn an creat um nochtadh cosanta leis an méid seo a leanas:

- Trédhearcacht agus cuntasacht;
- Muinín na foirne i sásraí tuairiscithe;
- Rialachas éifeachtach agus cultúr eagraíochtúil eiticiúil.

Eitic agus Caighdeáin

Feidhmíonn an tÚdarás i gcomhréir leis na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí agus leis na ceanglais rialachais ábhartha, lena n-áirítear an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Le linn 2025:

- Rinneadh monatóireacht ar oibleagáidí rialachais agus eitice;
- Comhlíon comhaltaí an Bhoird agus baill foirne ainmnithe na hoibleagáidí ábhartha maidir le nochtadh;
- Thacaigh creataí rialachais le cuntasacht agus trédhearcacht.

Tacaíonn na bearta sin leis an méid seo a leanas:

- Ardchaighdeáin rialachais phoiblí;
- Cuntasacht i gcinnteoireacht eagraíochtúil;
- Muinín an phobail as sláine oibríochtaí.

Teangacha Oifigiúla

Comhlíon an tÚdarás na dualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Le linn 2025:

- Cuireadh príomhfhaisnéis agus príomhchumarsáid phoiblí ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla;
- Thacaigh an suíomh gréasáin agus ábhair chumarsáide le hinrochtaineacht dhátheangach;
- Breithníodh dualgais Ghaeilge le cumarsáid agus gníomhaíocht rannpháirtíochta poiblí.

Tacaíonn na bearta sin leis an méid seo a leanas:

- Inrochtaineacht na faisnéise poiblí;
- Cuimsiú agus comhionannas rochtana;
- Comhlíonadh le hoibleagáidí reachtúla.

Inrochtaineacht agus Rannpháirtíocht Phoiblí

Neartaigh an tÚdarás inrochtaineacht agus rannpháirtíocht ar fud a sheirbhísí agus a chumarsáide.

Le linn 2025:

- Cuireadh feabhas ar inrochtaineacht agus inúsáidteacht an tsuímh gréasáin;
- Forbraíodh na hábhar faisnéise poiblí;
- Neartaíodh cumarsáid agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara;
- Díríodh ar eispéireas an úsáideora seirbhíse a fheabhsú;

Chuir na forbairtí seo leis na nithe seo a leanas:

- Inrochtaineacht fheabhsaithe ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí;
- Tuiscint neartaithe an phobail ar sheirbhísí a bhaineann le huchtáil;
- Teagmháil fheabhsaithe le húsáideoirí seirbhíse agus páirtithe leasmhara;
- Níos mó trédhearcachta agus freagrúlachta.

Comhionannas, Rochtain agus Cearta an Duine

Le linn 2025, thacaigh an tÚdarás le hinrochtaineacht, rannpháirtíocht chuimsitheach agus seirbhís dírithe ar an duine i ngach réimse dá chuid oibre.

Ina measc sin, díríodh ar:

- Cumarsáid agus faisnéis inrochtana;
- Inrochtaineacht dhátheangach;
- Soláthar seirbhíse freagrúil;
- Rannpháirtíocht ionchuimsitheach le páirtithe leasmhara;
- Tacú le rochtain chothrom ar sheirbhísí.

D'fhan an tÚdarás tiomanta do sheasamh lena oibleagáidí faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine.

Le linn 2025, thacaigh an tÚdarás le hinrochtaineacht, rannpháirtíocht chuimsitheach agus seirbhís dírithe ar an duine i ngach réimse dá chuid oibre.

Airgeadas



Maoinítear an tÚdarás trí Vóta 40 den Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais. B'ionann oll-leithdháileadh an Údaráis don bhliain 2025 agus €8.747 milliún.

Tá na Ráitis Airgeadais iniúchta do 2025, lena n-áirítear nochtadh rialachais agus airgeadais, á dtabhairt chun críche tar éis don phróiseas iniúchóireachta reachtúil a chur i gcrích. Foilseofar iad ar leithligh tar éis don Bhord iad a fhaomhadh.

Leagtar amach sna Ráitis Airgeadais feidhmíocht airgeadais, staid airgeadais agus nochtadh rialachais gaolmhar an Údaráis don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025.



Ag Féachaint Romhainn



In 2026, leanfaidh an tÚdarás le cur chun feidhme Phlean Straitéiseach 2025-2027, agus béim á cur ar sholáthar seirbhíse, inrochtaineacht agus cumas eagraíochtúil a neartú tuilleadh.

I measc na bpríomhthosaíochtaí, beidh :

- Rochtain ar fhaisnéis bhreithe, luathshaoil, cúraim agus leighis a fheabhsú tuilleadh trí dhigitiú leanúnach, comhtháthú taifead agus córais fheabhsaithe bainistíochta faisnéise;
- Seirbhísí rianaithe agus idirghabhála a neartú, lena n-áirítear tacaíochtaí d'uchtaithe idir tíortha agus do dhaoine eile atá ag lorg seirbhísí faisnéise, nasctha agus rianaithe teaghlaigh;
- Tacú le forbairt leanúnach ar bheartas agus ar chleachtas uchtála, lena n-áirítear rannpháirtíocht maidir le forbairtí reachtaíochta agus beartais a bhfuil tionchar acu ar uchtáil agus ar fhoirmiú teaghlaigh;
- Cur chun feidhme na Straitéise Taighde a chur chun cinn trí thionscadail taighde nua agus fianaise a scaipeadh chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt beartas agus seirbhíse;
- Tionscnaimh chlaochlaithe dhigitigh leanúnacha, lena n-áirítear feabhas a chur ar chórais bhainistíochta faisnéise, ar sheirbhísí digiteacha agus ar inrochtaineacht phoiblí;
- Cumas eagraíochtúil a neartú trí fhorbairt fórsa saothair, feabhsú rialachais agus cur chun feidhme an chur chuige ÚUÉ amháin;
- Gníomhú ar son na haeráide, tionscnaimh inbhuanaitheachta agus inrochtaineachta a chur chun cinn ar fud na heagraíochta.

Leanfaidh an tÚdarás ar aghaidh ag neartú a róil mar phríomhfhoinse údarásach faisnéise ar sheirbhísí a bhaineann le huchtú agus ag an am céanna seirbhísí ardchaighdeáin, inrochtana agus freagrúil a sholáthar dóibh siúd a ndeachaigh uchtáil i bhfeidhm orthu.

Leanfaidh an tÚdarás ar aghaidh ag neartú a róil mar phríomhfhoinse údarásach faisnéise ar sheirbhísí a bhaineann le huchtú agus ag an am céanna seirbhísí ardchaighdeáin, inrochtana agus freagrúil a sholáthar dóibh siúd a ndeachaigh uchtáil i bhfeidhm orthu.



Aguisíní



Aguisín A

Faisnéis Staidrimh

Seirbhísí Uchtála – Baile

Uchtálacha Baile 1953–2025	
Bliain	Líon na nUchtálacha
1953	381
1954	888
1955	786
1956	565
1957	752
1958	592
1959	501
1960	505
1961	547
1962	699
1963	840
1964	1,003
1965	1,049
1966	1,178
1967	1,493
1968	1,343
1969	1,225
1970	1,414
1971	1,305
1972	1,291
1973	1,402
1974	1,415
1975	1,443
1976	1,104
1977	1,127
1978	1,223
1979	988
1980	1,115
1981	1,191
1982	1,191
1983	1,184
1984	1,195
1985	882
1986	800
1987	715
1988	649
1989	615
1990	648

Uchtálacha Baile 1953–2025	
Bliain	Líon na nUchtálacha
1991	590
1992	523
1993	500
1994	424
1995	490
1996	405
1997	422
1998	400
1999	317
2000	303
2001	293
2002	266
2003	263
2004	273
2005	253
2006	222
2007	187
2008	200
2009	190
2010	189
2011	39
2012	49
2013	116
2014	112
2015	94
2016	95
2017	72
2018	72
2019	79
2020	81
2021	101
2022	102
2023	90
2024	131
2025	101
Total	**45,288**

Orduithe Uchtála

Uchtálacha Baile 2021– 2025 de réir cineáil					
	2021	2022	2023	2024	2025
Leas-tuismitheoir	65	60	47	71	50
Cúram Altrama Fadtéarmach	24	31	30	45	38
Naíonáin arna suíomh ón mbreith	2	9	8	5	5
Teaghlach sínte	5	0	0	0	7
Coigríche go Baile	5	2	5	10	1
Iomlán	**101**	**102**	**90**	**131**	**101**

Uchtálacha Baile 2021– 2025 de réir aois an linbh					
	2021	2022	2023	2024	2025
17 bliana	36	36	37	47	32
12–16 bliain	45	33	27	49	47
7–11 bliain	16	23	16	23	16
2–6 bliain	7	8	4	9	1
0–1 bliain	1	2	6	3	5
Iomlán	**101**	**102**	**90**	**131**	**101**

Iarratais Ard-Chúirte

Orduithe Ard-Chúirte a Deonaíodh i leith Iarratais ar Uchtáil Bhaile 2021–2025					
	2021	2022	2023	2024	2025
Alt 18	2	1	1	4	3
Alt 26	0	0	0	2	0
Alt 30	19	24	18	20	16
Alt 54	14	18	12	21	18
Iomlán	**35**	**43**	**31**	**47**	**37**

Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta

I ngach cás uchtála, ní mór Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta bailí a bheith ag na hiarratasóirí.

Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta a deonaíodh 2025	110
Daoine pósta nó lánúineacha	92
Daoine nó lánúineacha comhchónaithe	10
Iarratasóirí singil	8

Iarratais ar Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta a fháil 2025	117
Rinne seirbhísí uchtála Tusla formhór na n-iarratas a mheasúnú agus a éascú.	99
Arna mheasúnú agus arna éascú ag an ngníomhaireacht chreidiúnaithe Pact	18

Seirbhísí Uchtála – Idir Tíortha

Iontrálacha i gClár na nUchtálacha Coigríche, 1991–2010, arna n-iontráil de bhun Alt 5 den Acht Uchtála, 1991 agus i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha, 2010–2025 de bhun Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála, 2010 (larrthóirí ar a bhfuil cónaí rialta in Éirinn agus a raibh Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta bailí acu tráth na huchtála idir tíortha)	
Tír	Líon na nIontrálacha*
An Rúis	1,631
Vítneam	961
An Rómáin	808
An tSín	43
An Aetóip	308
An Chasacstáin	151
An Bhealarúis	145
An Téalainn	149
Stáit Aontaithe Mheiriceá	132
Meicsiceo	113
An Úcráin	100
An Bhulgáir	32
An India	27
An Téaváin	22
An Cholóim	19
Sasana	19
An Bhrasaíl	17
Paragua	7
An Chambóid	4
Na hOileáin Fhilipíneacha	4
An Afraic Theas	2
An tSalvadóir	2
Geirsí	2
An Chéinia	2
An Liotuáin	2
Peiriú	2
An Pholainn	3
Ruanda	2
Albain	2
Srí Lanca	2
An Úisbéiceastáin	2
An Bholaiv	1
An Bhoisnia Heirseagaivéin	1
Háití	2
Hong Cong	1
An Mhaláiv	1
An tSiombáib	1
An Mholdóiv	1
Iomlán	**5,112**

**Tá ar ár gcumas tuairisciú níos cruinne a dhéanamh ar fhigiúirí mar gheall gur cuireadh bunachar sonraí nua i bhfeidhm. Tá roinnt staitisticí a foilsíodh sna blianta roimhe seo coigeartaithe dá réir.*

Iontrálacha i gClár na nUchtálacha Coigríche, de bhun Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála, 2010 i leith 2025 amháin (iarrthóirí ar a bhfuil cónaí rialta in Éirinn agus a raibh Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta bailí acu tráth na huchtála idir tíortha)	
Tír	Líon a iontráladh sa Chlár in 2025
Vítneam	7
An Téalainn	3
SAM	3
An Bhrasaíl	1
Iomlán	**14**

Líon iomlán na n-uchtálacha idir tíortha a aithníodh in 2025, arna ndéanamh ag uchtaitheoirí ar a raibh cónaí rialta thar lear (Alt 57(2)(a) agus Alt 57(2)(b)(i) den Acht Uchtála, 2010)	
An tír ina ndearnadh an uchtáil	Líon a iontráladh sa Chlár in 2025
An Astráil	1
An Bheilg	1
Beirmiúda	1
An Bhotsuáin	1
An Chambóid	4
Camarún	1
Ceanada	7
An tSín	16
An Cholóim	2
An Chipir	1
Sasana	84
An Aetóip	3
An Fhrainc	3
An Ghearmáin	2
Guatamala	1
Hong Cong	1
Oileáin Marshall	1
An Nua-Shéalainn	1
Tuaisceart Éireann	23
Na hOileáin Fhilipíneacha	2
An Rúis	4
Albain	11
An Afraic Theas	3
SAM	70
Vítneam	3
An tSaimbia	1
An tSiombáib	2
Iomlán	**250**

Líon iomlán na n-uchtálacha idir tíortha a aithníodh idir 2014 agus 2025*, ina raibh cónaí rialta ar na huchtaitheoirí in Éirinn agus ina raibh Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta bailí acu tráth an uchtaithe (Alt 5 den Acht Uchtála, 1991 agus Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála, 2010)												
Tír	2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	2025
An Bhulgáir	4	8	4	8	1	1	0	0	0	0	0	0
An Bhrasaíl	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	1
An Chambóid	0	1	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0
An tSín	0	15	7	10	4	3	1	0	0	0	0	0
Sasana	2	5	0	0	0	0	0	0	0	1	0	0
An Aetóip	0	0	1	0	0	0	0	0	0	0	0	0
Háití	0	0	0	0	0	1	0	0	0	1	0	0
An India	3	0	0	1	0	0	1	0	0	2	0	1
An Liotuáin	0	1	1	0	0	0	0	0	0	0	0	0
Meicsiceo	5	11	0	1	0	0	5	0	0	0	0	0
Peiriú	0	1	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0
An Pholainn	0	0	1	0	0	0	0	1	0	0	0	0
An Rúis	4	2	2	0	1	0	0	0	0	0	0	0
An Téalainn	6	1	4	2	8	0	4	2	3	2	6	3
SAM	4	6	12	9	7	10	1	4	2	7	2	3
Vítneam	4	32	23	22	20	18	9	8	13	12	9	7
An Mholdóiv	0	0	0	0	0	0	0	1	0	0	0	0
Iomlán	**32**	**83**	**55**	**53**	**41**	**33**	**21**	**16**	**18**	**25**	**17**	**14**

**Tá ar ár gcumas tuairisciú níos cruinne a dhéanamh ar fhigiúirí mar gheall gur cuireadh bunachar sonraí nua i bhfeidhm. Tá roinnt staitisticí a foilsíodh sna blianta roimhe seo coigeartaithe dá réir.*

Líon iomlán na n-uchtálacha idir tíortha a aithníodh idir 1991 agus 2025 (Gach Alt)	
Bliain	Líon a Aithníodh*
1991	58
1992	305
1993	59
1994	64
1995	93
1996	117
1997	149
1998	260
1999	284
2000	324
2001	284
2002	439
2003	460
2004	484
2005	443
2006	409
2007	439
2008	488

Líon iomlán na n-uchtálacha idir tíortha a aithníodh idir 1991 agus 2025 (Gach Alt)	
Bliain	Líon a Aithníodh*
2009	395
2010	290
2011	342
2012	242
2013	141
2014	106
2015	160
2016	214
2017	324
2018	313
2019	386
2020	184
2021	136
2022	170
2023	209
2024	208
2025	264
Iomlán	**9,243**

Seirbhísí Uchtála – Seirbhís Oibre Sóisialta

Rianú	Atreoruithe faighte	Cásanna arna leithdháileadh
Sraith 1	3	3
Sraith 2	185	193
Sraith 3	56	33
Sraith 4	14	11
Iomlán	**258**	**239**


Staitisticí Rianaithe Oibre Sóisialta

Cé a rinne iarratas ar rianú?

Rinneadh 243 rianú san iomlán in 2025.

I measc na n-iarratasóirí ar rianú, bhí daoine uchtaithe (DU), máithreacha breithe (MB), siblíní breithe (SB) agus Eile.


Miondealú Céatadánach na nIarratasóirí



Cén aois na hiarratasóirí?

Ba é 53 bliana d'aois meánaois fhoriomlán na n-iarratasóirí.
*eile fágtha as an áireamh

Meánaois na nIarratasóirí




Cé a bhí á lorg ag na hiarratasóirí?

Bhí iarratasóirí ag rianú:

- Máithreacha Breithe (MB)
- Aithreacha Breithe (AB)
- Siblíní Breithe (SB)
- Siblíní Uchtaithe (SU)
- Gaolta Breithe (GB)


Miondealú Céatadánach ar Ábhar an Rianaithe




Cén aois na daoine a bhí á rianú?

Ba é 72 bliana d'aois meánaois fhoriomlán na ndaoine a bhí á rianú.

Meánaois na nDaoine a bhí á Rianú




Forbhreathnú ar na Torthaí Iomlána




An mó iarratasóir a raibh **teacht le chéile** *acu leis an duine rianaithe?*

Miondealú Céatadánach ar Theacht le Chéile




Ar tharla an teacht le chéile **ar an láthair** *nó* **lasmuigh den láthair?**

Láthair an Teacht le Chéile



Miondealú Céatadánach ar **Thorthaí** *nuair* **nach raibh aon teacht le chéile** *ann*

*Is miondealú í an chairt seo ar na 208 cás (86% den sampla iomlán) nar tháinig aon teacht le chéile astu



Seirbhísí Uchtála – Rochtain ar Fhaisnéis

Rochtain ar fhaisnéis (breithe) faoi BITA 2022	2025	2024
Iarratais a próiseáladh	934	1,352
Próiseas Iarratais ar An Líon Iarratas	845	1,253
Faisnéis a eisíodh laistigh de mhí amháin	845	1,253
Faisnéis a eisíodh laistigh de 3 mhí	0	0
Meánlíon laethanta idir an t-iarratas a fháil agus faisnéis a scaoileadh	6	7
Iarrataí ar athbhreithniú inmheánach a próiseáladh	58	26

Clár um Shainroghanna Teagmhála	2025	2024
Iarratais a próiseáladh	384	542
Meaitseálacha a rinneadh	61	75
Seiceálacha ar roghanna teagmhála tuismitheoirí breithe a cuireadh i gcrích	2,338	3,695
Seisiúin Faisnéise curtha i gcrích	5	10
Míreanna curtha ar fáil curtha i dtaisce	42	60

Deasc Chabhrach Faisnéise	2025	2024
Ríomhphost	2,521	3,025
Teileafón	740	1,111
Post/Litreacha	17	58
Iomlán	**3,278**	**4,194**

Forbairt	2025	2024
Eisiúintí faisnéise comhlánaithe a athscrúdaíodh	541	/
Eisiúintí forlíontacha faisnéise d'úsáideoirí seirbhísí	27	/
Cáschomhaid innéacsaithe do phointí rochtana breise	32,814	/

Acht um Scéim Íocaíochta Baile Institiúidí Máthar agus Leanaí 2023

Lean foireann na Cartlainne uirthi ag éascú d'oifigigh ainmnithe ó Oifig an Phríomhoifigigh Bhreithiúnachta 'taifid ábhartha' gan digitiú a chuardach de láimh chun an t-am a chaith iarratasóirí in institiúidí sonracha Theach an Chontae a fhíorú.

Seomra Léitheoireachta – Seirbhísí Atreoraithe Eanáir - Nollaig 2025	
Líon na gcuairteanna taighde	Ullmhúchán agus Maoirseacht (am)
30.5	245 uair an chloig

Ina theannta sin, chuir foireann na Cartlainne cóipeanna digiteacha de thaifid Theaghlach an Chontae ar fáil d'Oifig an Phríomhoifigigh Bhreithiúnachta, nuair a bhí siad ar fáil, chun cabhrú leis an scéim sásaimh a sheachadadh.

Cóipeanna digiteacha de thaifid Theach an Chontae a cuireadh ar fáil d'Oifig an Phríomhoifigigh Bhreithiúnachta in 2025	
Bailiúchán	Líon imleabhar digitithe curtha ar fáil
Teaghlach Contae Cheatharlach (Baile) (nó Croí Rónaofa mar is fearr aithne)	10
Teaghlach Contae an Chabháin (Baile) (nó Naomh Féilim mar is fearr aithne)	55
Teaghlach Contae an Chláir (Inis) (nó Naomh Seosamh mar is fearr aithne)	6
Teaghlach Ceantair Chorcaí Theas (Mainistir na Corann) (nó Muire Lourdes mar is fearr aithne)	9
Teaghlach Contae Iarthar Chorcaí Thiar (Cloich na Coillte) (nó Sliabh Chairmeil mar is fearr aithne)	15
Ospidéal Ceantair Chloich na Coillte (nó Ospidéal an Chroí Rónaofa mar is fearr aithne)	29
Teaghlach Contae Chiarraí (Cill Airne) (nó Naomh Colmán mar is fearr aithne)	20
Teaghlach Contae Chill Dara (Baile Áth Í) (nó Naomh Uinseann mar is fearr aithne)	12
Teaghlach Contae Chill Chainnigh (Baile Mhic Andáin) (nó Naomh Columba mar is fearr aithne)	6
Teaghlach Contae Liatroma (Cora Droma Rúisc) (nó Naomh Pádraig mar is fearr aithne)	2
Teaghlach Contae Luimnigh (An Caisleán Nua) (nó Naomh Íde mar is fearr aithne)	15
Teaghlach Buirge Luimnigh (Cathair) (nó Naomh Camillus mar is fearr aithne)	3
Teaghlach Contae an Longfoirt (Baile) (nó Naomh Seosamh mar is fearr aithne)	9
Teaghlach Contae na Mí (Baile Átha Troim) (nó Naomh Seosamh mar is fearr aithne)	167
Teaghlach Contae Mhuineacháin (Baile na Lorgan) (nó Naomh Muire mar is fearr aithne)	8
Teaghlach Contae Ros Comáin (Baile) (nó Croí Rónaofa mar is fearr aithne)	11
Teaghlach Contae Phort Láirge (Dún Garbhán) (nó Naomh Seosamh mar is fearr aithne)	2
Teaghlach Contae Loch Garman (Inis Córthaidh) (nó Naomh Eoin mar is fearr aithne)	17
Teaghlach Contae Cill Mhantáin (Ráth Droma) (nó Naomh Colmán mar is fearr aithne)	10
Iomlán	**406**

Tras-scríobh na n-iontrálacha sa chlár digitithe in 2025	
Cineál Taifid	Líon rónna tras-scríofa
Leabhar Taifid agus Sonraí (Foirm 4)	19,018
Leabhar Cláir Laistigh (Foirm 29)	42,145
Iomlán	**61,163**

Digiteach & Córais – Réitigh TFC

As 1,119 iarratas úsáideora a fuarthas, rinneadh 1,083 díobh a chatagóiriú mar Ghnó mar is Gnáth agus 36 mar thionscadail. As na 1,083 glao Gnó mar is Gnáth a fuarthas, réitíodh 1,013 acu ar an lá céanna. Bainimid úsáid as leibhéil tosaíochta chun práinne na n-iarrataí a shocrú agus chun a gcuid oibre a sceidealú.

Tosaíocht	Sainmhíniú	2024	2025	% Athrú	Táscairí
1	Gan Seirbhís/Tionchar ar gach úsáideoir	0	0	N/Bh	Cobhsaíocht
2	Tionchar ar fhoireann nó Seirbhís amháin	42	71	69%	Glaonna Hyper Care a bhaineann le huasghrádú agus imscaradh
3	Tionchar ar dhuine amháin	393	473	20.40%	
4	Iarraidh ar fhorbairt nó athrú	334	250	−25.1%	Bhí tionchar ag tosaíochtaí tionscadail ar na hacmhainní a bhí ar fáil.
5	Mionearráidí sonraí a cheartú	455	325	−28.6%	Próisis níos glaine agus níos lú earráidí láimhe
Iomlán		**1,224**	**1,119**	**−8.6%**	**Éifeachtúlacht agus cobhsaíocht córas feabhsaithe**

Níor taifeadadh aon teagmhas Thosaíocht 1 in 2025, rud a thug le fios go raibh seirbhísí arna n-óstáil ag an Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais fós ag feidhmiú go hiomlán i rith na bliana, agus nach raibh aon bhriseadh ag dul i bhfeidhm ar gach úsáideoir.

Tagann teagmhais **Thosaíocht 2** chun cinn nuair a théitear i bhfeidhm ar fhoireann iomlán. Baineann siad seo de ghnáth le riachtanais phráinneacha forbartha nó le cásanna nuair nach mbíonn iarratas lárnach ar fáil go sealadach, rud a éilíonn idirghabháil phras chun feidhmiúlacht a athbhunú.

Baineann iarratais **Thosaíocht 3** go ginearálta le fadhbanna a théann i bhfeidhm ar úsáideoir aonair, a bhaineann go coitianta le ceadanna rochtana, le cumraíocht trealaimh, nó le socruithe feidhmchláir. D'fhéadfaidís seo lochtanna teicniúla a léiriú nó aird a tharraingt ar riachtanais oiliúna i gcás ina bhfuil tuilleadh tacaíochta d'úsáideoirí tairbheach.

Baineann ceanglais forbartha nó athraithe le hiarrataí **Thosaíocht 4**. Cé go mbaineann go leor díobh le mionchoigeartuithe – amhail nuashonruithe ar bhailíochtú sonraí – tá cuid eile díobh casta go leor chun anailís ghnó, dearadh réiteach, agus seachadadh tionscadail struchtúrtha a éileamh. Déantar an chuid is mó den obair forbartha a bhainistiú intí; mar sin féin, éilíonn tionscnaimh áirithe teagmháil le díoltóirí tríú páirtí lena gcur chun feidhme go hiomlán nó go páirteach.

De ghnáth bíonn mionleasuithe sonraí nó gníomhartha ceartaitheacha tapa i gceist le hiarrataí Thosaíocht 5 agus réitítear iad de ghnáth an lá a fhaightear iad.

Catagóir	2024	2025	% Athrú	Táscairí
e DMS	853	590	-30.8%	Cobhsú córais, líon níos lú teagmhas agus oiliúint/ doiciméadú feabhsaithe úsáideoirí.
Uirlisí Oifige	73	82	12.30%	Tugann an méadú le fios go nglactar níos mó le huirlisí (e.g. gnéithe MS 365) nó gur cuireadh cumais nua i bhfeidhm.
Seirbhís Líonra	56	97	73.20%	Ardú suntasach – b'fhéidir mar gheall ar uasghráduithe líonra, athruithe VPN, nó gníomhaíocht mhéadaithe na cianoibre /obair hibrideach.
Próifíl Úsáideora	84	79	-6.0%	Níos lú gníomhaíochtaí ionduchtaithe/asduchtaithe nó uathoibriú feabhsaithe.
Foirmeacha Ar Líne	37	38	2.70%	Gan athrú go bunúsach; léiríonn sé leibhéal seasta seirbhíse.
Inlíon	60	84	40.00%	Ceadanna míne curtha i bhfeidhm chun dúbailt doiciméad nó áitiú mícheart a sheachaint.
Cumarsáid	25	25	0%	Go hiomlán cobhsaí.
Priontáil	18	40	122.20%	Suiteálacha tiomántóra printéir áitiúil mar thoradh díreach ar uasghrádú Windows 11.
Uirlisí PDF	15	20	33.30%	Spleáchas méadaithe ar athruithe eagarthóireachta/ tiontaithe nó ceadúnais PDF.
Oiliúint	3	38	1,166.70%	Oiliúint in úsáid ardán agus córas.
Iomlán na nlarratas	**1,224**	**1,119**	**-8.6%**	**Tugann laghdú foriomlán cobhsaíocht nó éifeachtúlacht fheabhsaithe le fios in ainneoin méaduithe i roinnt catagóirí.**

Saoráil Faisnéise agus Cosaint Sonraí

Saoráil Faisnéise

Iarratais ar Shaoráil Faisnéise faighte	2025	2024
Deonaithe/deonaithe i bpáirt	23	29
Diúltaithe	19	8
Aistrithe	/	2
Láimhseáilte lasmuigh de Shaoráil Faisnéise	/	5
IOMLÁN	**42**	**44**

Logleabhar de Nochtuithe Saorála Faisnéise 2025			
Uimhir Thagartha:	Cineál sonraí	Iarratas ar	Toradh
FOI 2025-01	Neamhphearsanta	Cóip d'aon taifid a choinnítear a dhéanann tagairt do nó a bhaineann le heisiúint leibhéal neamhleor na dtáillí boird is iníoctha le comhaltaí boird ÚUÉ. Baineann an t-iarratas seo leis an tréimhse 01/07/2024 go dtí seo.	Ceadaithe go Páirteach
FOI 2025-02	Fás Pearsanta,	Tréimhse ama a caitheadh i Naomh Seosamh, Baile Átha Troim c. 1971. Iarrataí ar Athbhreithniú Inmheánach 05/02/2025.	Diúltaithe - Alt 15(1)(a) Athbhreithniú Inmheánach – Seasadh leis an gCinneadh
FOI 2025-03	Pearsanta	Dátaí Breithe agus Ainmneacha cúpla deirfiúr a rugadh in Ospidéal Bhealach Conglais, Co. Chill Mhantáin c. 01/02/1964 go dtí 01/06/1964.	Diúltaithe - Alt 15(1)(a)
FOI 2025-04	Fás Pearsanta,	Taifid ábhartha ó Naomh Colmáin c. 1953.	Ceadaithe go Páirteach
FOI 2025-05	Neamhphearsanta	Gach taifead atá i seilbh an Údaráis Uchtála i ndáil le húsáid ÚUÉ as seirbhísí ginealais ghéinitigh chun cabhrú le daoine a cláraíodh a mbreitheanna go mídhleathach. Cumhdaítear an tréimhse ó Eanáir 2018 go dtí an lá atá inniu ann.	Ceadaithe go Páirteach
FOI 2025-06	Fás Pearsanta,	An t-am breithe ar an 20/04/1975 in Ospidéal Naomh Uinseann, Baile Átha Í.	Ceadaithe go Páirteach
FOI 2025-07	Fás Pearsanta,	Taifid maidir le máthair agus leanbh idir 1925 agus 1927 i dTeach Bethany, Baile Átha Cliath.	Diúltaithe — Alt 15(1)(a)
FOI 2025-08	Fás Pearsanta,	Taifid seanathar, Teaghlach Contae Cheatharlach.	Ceadaithe go Páirteach
FOI 2025-09	Fás Pearsanta,	Taifid duine ó Theach Altranais Naomh Muire, Caisleán na Lorgan, Contae Mhuineacháin.	Ceadaithe go Páirteach
FOI 2025-10	Fás Pearsanta,	Taifid Theach Oibre Mhuinchille.	Diúltaithe — Alt 15(1)(a)
FOI 2025-11	Fás Pearsanta,	Taifid ó Theach an Chontae, Baile Átha Í, Co. Chill Dara, 1899 -1931.	Diúltaithe — Alt 15(1)(a)
FOI 2025-12	Fás Pearsanta,	Taifid ó Theach Máthar agus Leanaí, Naomh Peadair, Baile na gCros, Teaghlach Contae, c. 1962.	Diúltaithe — Sceideal 1
FOI 2025-13	Fás Pearsanta,	Taifid ó Theach Máthar agus Leanaí, Naomh Pádraig, Baile Pheiléid, nó Teaghlach Contae c. 1969.	Diúltaithe — Sceideal 1

Logleabhar de Nochtuithe Saorála Faisnéise 2025			
Uimhir Thagartha:	**Cineál sonraí**	**Iarratas ar**	**Toradh**
FOI 2025-14	Neamhphearsanta	1. Sonraí faoi bhuiséad TFC agus faoi thionscadail nó tionscnaimh TFC atá beartaithe don bhliain airgeadais reatha (2025/26). 2. Doiciméadacht ina dtugtar breac-chuntas ar sholáthairtí TFC beartaithe don Idirbhliain 2025/26, lena n-áirítear (ach gan a bheith teoranta do) crua-earraí, bogearraí, comhaontuithe cothabhála TFC agus seirbhísí gaolmhara.	Ceadaithe go Páirteach
FOI 2025-15	Fás Pearsanta,	Taifid maidir le mac a uchtáil.	Diúltaithe — Sceideal 1
FOI 2025-16	Fás Pearsanta,	Taifid bhreithe ó Ospidéal Naomh Uinseann, Baile Átha Luain c. 1959.	Ceadaithe go Páirteach
FOI 2025-17	Fás Pearsanta,	Taifid ó Ospidéal Naomh Fionnbharra, Corcaigh.	Diúltaithe —Alt 15(1)(a)
FOI 2025-18	Neamhphearsanta	1. Comhfhreagras idir do Chathaoirleach agus an t-aire ábhartha sa roinn rialtais a bhfuil tú ag feidhmiú faoina coimirce. 2. Comhfhreagras idir do phríomhfheidhmeannach agus an t-ardrúnaí ábhartha sa roinn rialtais a bhfuil tú ag feidhmiú faoina coimirce. 3. Le linn 2024 agus 2025 go dtí seo.	Deonaithe
FOI 2025-19	Neamhphearsanta	• Cóip den leagan is déanaí den chlár riosca don eagraíocht; • Cóip de na trí iniúchadh inmheánacha dheireanacha a rinneadh laistigh den eagraíocht; • Cóip den trí iniúchadh dheireanacha a rinne iniúchóirí seachtracha ar iarratas ón eagraíocht, ó mháthairchomhlacht Stáit nó ó aon lámh eile den Rialtas nó den Stát.	Ceadaithe go Páirteach
FOI 2025-20	Fás Pearsanta,	Taifid Uchtála	Diúltaithe — Sceideal 1
FOI 2025-22	Fás Pearsanta,	• Mo bhaisteadh agus mo luathchúram • Aon chinntí socrúcháin sealadacha nó fadtéarmacha • Cumarsáid le hOifig an Ard-Chláraitheora nó le húdaráis uchtála • Sonraí maidir le haon chlárúcháin bhreithe falsaithe nó leasaithe. Institiúidí gaolmhara féideartha: Brú Regina Coeli, Cnoc an Teampaill (Cumann Uchtála an Chroí Rónaofa), Cuallacht Naomh Pádraig.	Diúltaithe — Alt 15(1)(a)
FOI 2025-23	Fás Pearsanta,	Taifid ó Theach Contae Bhaile Mhic Andáin c. 1923.	Ceadaithe go Páirteach
FOI 2025-24	Fás Pearsanta,	Taifid ó Ospidéal Naomh Uinseann, Baile Átha Í.	Diúltaithe — Alt 15(1)(a)

Logleabhar de Nochtuithe Saorála Faisnéise 2025			
Uimhir Thagartha:	**Cineál sonraí**	**Iarratas ar**	**Toradh**
FOI 2025-25	Neamhphearsanta	1. Gach comhfhreagras (ceangaltáin san áireamh) leis an Roinn Comhionannais agus/nó leis an nGníomhaireacht Idirghabhála Uchtála Helping Hands (HHAMA) faoi shaincheisteanna maoinithe nó imní maidir leis an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann deireadh a chur le hoibríochtaí ag HHAMA; 2. An páipéar faisnéise, an meamram agus/nó an tuarascáil is déanaí faoi shaincheisteanna maoinithe nó imní maidir leis an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann deireadh a chur le hoibríochtaí ag HHAMA; 3. Cóip de chás gnó maoinithe idirlinne HHAMA; 4. Cóip den athbhreithniú inbhuanaitheachta airgeadais ar an HHAMA. Ón 1 Meitheamh 2024 – an lá atá inniu ann.	Ceadaithe go Páirteach
FOI 2025-26	Neamhphearsanta	1. Gach comhfhreagras (ceangaltáin san áireamh) leis an Roinn Comhionannais agus/nó Tusla faoi imní nó saincheisteanna a bhaineann le próiseáil Tusla ar orduithe uchtála; 2. An páipéar faisnéise, an meamram agus/nó an tuarascáil is déanaí faoi imní nó saincheisteanna maidir le próiseáil orduithe uchtála Tusla; 3. Gach comhfhreagras (ceangaltáin san áireamh) leis an Roinn Comhionannais agus/nó Tusla faoi imní nó saincheisteanna a bhaineann le moilleanna ó thaobh Tusla ag seoladh Iarratas Rianaithe BITA chuig ÚUÉ; 4. An páipéar faisnéise, an meamram agus/nó an tuarascáil is déanaí faoi imní nó saincheisteanna a bhaineann le moilleanna ó thaobh Tusla ag seoladh Iarratas Rianaithe BITA chuig ÚUÉ; 5. Litreacha (agus freagraí comhfhreagracha) ar bith ón ardbhainistíocht feidhmiúcháin nó ón mbord chuig an Aire Comhionannais faoi cheachtar den dá shaincheist thuas. Ón 1 Eanáir 2025 - an lá atá inniu ann.	Deonaithe
Saoráil Faisnéise 2025-28	Fás Pearsanta,	Taifid ó Theach an Chontae, Caisleán an Bharraigh lena n-áirítear cóipeanna de Thuarascálacha na gCigirí.	Ceadaithe go Páirteach
FOI 2025-29	Neamhphearsanta	Aon chomhfhreagras (ceangaltáin san áireamh) nó miontuairiscí ar aon chruinnithe idir ÚUÉ agus an mháthair-roinn faoi chlár riosca ÚUÉ nó faoi mhíreanna sonracha sa chlár riosca ó Mheitheamh 2025.	Ceadaithe go Páirteach
FOI 2025-30	Fás Pearsanta,	Taifid seanmháthar ó Bhaile Mhic Andáin agus ó Phort Láirge, Ospidéal Meabhair-Ghalar Chill Chainnigh.	Ceadaithe go Páirteach
FOI 2025-31	Fás Pearsanta,	Taifid bháis ar an 20 Nollaig, 1940, in Ospidéal Máinliachta an Chabháin.	Diúltaithe – Alt 15(1)(a)
FOI 2025-32	Fás Pearsanta,	Taifid ó mháthair agus iníon ó Theach Contae Ráth Droma (Naomh Colmáin, Co. Chill Mhantáin anois) c. 1937.	Ceadaithe go Páirteach
FOI 2025-33	Fás Pearsanta,	Taifid bhreithe ó Theach Altranais Príobháideach Naomh Antaine, Fionnradharc, Baile Átha Cliath 3.	Diúltaithe – Alt 15(1)(a)

Logleabhar de Nochtuithe Saorála Faisnéise 2025			
Uimhir Thagartha:	Cineál sonraí	Iarratas ar	Toradh
FOI 2025-34	Fás Pearsanta,	Taifid seanmháthar ó Theaghlach Contae Ros Comáin.	Ceadaithe go Páirteach
FOI 2025-35	Neamhphearsanta	Lorgaire le haghaidh Iniúchtaí, Liosta na n-iniúchtaí le dhá bhliain anuas.	Ceadaithe go Páirteach
FOI 2025-36	Fás Pearsanta,	Taifid ón mBaile Nua, Dún na nGall.	Diúltaithe – Alt 15(1)(a)
FOI 2025-37	Fás Pearsanta,	Am breithe in Ospidéal Bhaile Átha Luain ar 06/06/1980.	Diúltaithe – Alt 15(1)(a)
FOI 2025-38	Fás Pearsanta,	Eolas i seilbh Ospidéal Naomh Seosamh, An Longfort c. 1961. Iarrataí ar Athbhreithniú Inmheánach 17/12/2025.	Ceadaithe go Páirteach Athbhreithniú Inmheánach – Seasadh leis an gCinneadh
FOI 2025-39	Fás Pearsanta,	Taifid nó comhfhreagras maidir le Comhaid Uchtála.	Diúltaithe – Sceideal 1
FOI 2025-40	Fás Pearsanta,	Taifid seanmháthar ó Theaghlach Contae Chill Mhantáin.	Diúltaithe – Alt 15(1)(a)
FOI 2025-41	Fás Pearsanta,	Am breithe i dTeach Altranais Naomh Philomena, Droichead na Bandan.	Diúltaithe – Alt 15(1)(a)
FOI 2025-42	Neamhphearsanta	Cóipeanna den chomhfhreagras go léir idir cathaoirleach an Údaráis agus an Roinn Leanaí (an tAire san áireamh) maidir le POF, nó POF gníomhach nó eatramhach, a cheapadh don ÚUÉ sa tréimhse 1 Deireadh Fómhair 2022 go dtí seo.	Deonaithe
FOI 2025-43	Fás Pearsanta,	Taifid Leighis seanathair (10/10/1871 - 25/11/1966) ó Naomh Seosamh, Teaghlach Contae an Longfoirt.	Ceadaithe go Páirteach
FOI 2025-44	Fás Pearsanta,	Dáta breithe san Ospidéal Máithreachais, Baile Átha Troim, Co. na Mí.	Ceadaithe go Páirteach

Rochtain ar Fhaisnéis faoi na Rialacháin Comhshaoil (AIE)

Iarratais ar AIE faighte	
2025	0
2024	0

Cosaint Sonraí

Iarrataí ar Rochtain ó Ábhar Sonraí (SARs)

SARanna	Líon a Fuarthas	Líon ar Diúltaíodh Dóibh*	Achomhairc Inmheánacha a fuarthas	Achomhairc chuig an gCoimisinéir Cosanta Sonraí	Cinneadh an Choimisinéara um Chosaint Sonraí
2025	20	3	0	0	n/bh
2024	24	1	0	0	n/bh

**Diúltaíodh do toisc nár soláthraíodh aon fhianaise aitheantais nuair a iarradh é.*

Cé a chuir SARanna isteach in 2025			
Máthair Bhreithe	Athair Breithe	Tuismitheoir(í) Uchtála	Duine a Uchtaíodh:
9	1	1	9

Achomharc isteach chuig an gCoimisiún um Chosaint Sonraí.	
2025	0
2024	0

DSRR	Airteagal 16 'An ceart go ndéanfaí ceartúcháin'	Airteagal 17 'An ceart go ndéanfaí léirscriosadh ("an ceart go ligfí i ndearmad")'
2025	1	3
2024	0	0

**Níl feidhm aige maidir le 'taifid ábhartha' faoi BITA 2022.*

Aguisín B

Ballraíocht agus Freastal an Bhoird 2025

Bord ag imeacht as oifig: O. Traynor, S. O'Brien, an Dr H. Buckley, an tOll. S. Greene, P. Harrison, an Breitheamh P. McMahon


An Bord Isteach: J. McDaid, G. Keehan, C. Fallon, an Dr V. O'Brien, an Dr C. O'Rafferty, an tOll. S. Greene

Dátaí Chruinnithe 2025	Cineál Cruinnithe	Lucht Freastail de chuid Bhord an Údaráis
14 Eanáir	Iomlán	Na comhaltaí go léir (Amach)
28 Eanáir	Orduithe	Na comhaltaí go léir (Amach)
11 Feabhra	Tinreamh Iomlán	O. Traynor, an Dr H. Buckley, an tOll. S. Greene, P. Harrison, an Breitheamh P. McMahon
04 Márta	Iomlán	O. Traynor, S. O'Brien, an Dr H. Buckley, an tOll. S. Greene, P. Harrison
18 Márta	Orduithe	O. Traynor, S. O'Brien, an tOll. S. Greene, P. Harrison, an Breitheamh P. McMahon
25 Márta	Iomlán (Éigeandáil)	O. Traynor, S. O'Brien, P. Harrison, an Breitheamh P. McMahon
15 Aibreán	Tinreamh Iomlán	Na comhaltaí go léir (Amach)
29 Aibreán	Orduithe	O. Traynor, an Dr H. Buckley, an Breitheamh P. McMahon
13 Bealtaine	Tinreamh Iomlán	O. Traynor, S. O'Brien, P. Harrison
27 Bealtaine	Orduithe + Rialachas	Na comhaltaí go léir (Amach)
17 Meitheamh	Iomlán	O. Traynor, an Dr H. Buckley, an tOll. S. Greene, P. Harrison, an Breitheamh P. McMahon
08 Iúil	Iomlán	Na comhaltaí go léir (Amach)
22 Iúil	Orduithe	S. O'Brien, an Dr H. Buckley, an tOll. S. Greene, P. Harrison
11 Lúnasa	Orduithe	S. O'Brien, P. Harrison, an Breitheamh P. McMahon
19 Lúnasa	Iomlán	O. Traynor, S. O'Brien, P. Harrison, an tOll. S. Greene
26 Lúnasa	Orduithe	O. Traynor, S. O'Brien, an Dr H. Buckley, an tOll. S. Greene
09 Meán Fómhair	Iomlán	O. Traynor, S. O'Brien, an tOll. S. Greene, P. Harrison, an Dr H. Buckley
23 Meán Fómhair	Orduithe	Na comhaltaí go léir (Amach)
07 Deireadh Fómhair	Iomlán	Na comhaltaí go léir (Amach)
28 Deireadh Fómhair	Orduithe	O. Traynor, an Dr H. Buckley, an tOll. S. Greene, P. Harrison, an Breitheamh P. McMahon
08 Nollaig	Orduithe	Na comhaltaí go léir (Isteach)
16 Nollaig	Iomlán	Na comhaltaí go léir (Isteach)

Aguisín C

Daoine agus Cultúr

Struchtúr Eagraíochta



Líon na bpost ceadaithe de réir aonaid/foirne agus gráid amhail ar an 31 Nollaig 2025															
Aonad ÚUÉ	Foireann	Gráid													
		Stiúrthóir	Príomhoifigeach	Príomhoifigeach Cúnta	Príomhoibrí Sóisialta	Ceann na Foirne Oibre Sóisialta	Oibrí Sóisialta Sinsearach	Oibrí Sóisialta Cáilithe Gairmiúil	Innealtóir Grád II	Innealtóir Grád III	Oifigeach Riaracháin	Ardoifigeach Feidhmiúcháin	Oifigeach Feidhmiúcháin	Oifigigh Chléireachais	Iomlán
Oifig an POF		1											1		2
			1												1
Oibríochtaí Uchtála	Baile										1		2	2	5
	Idir Tíortha											1	1	1	3
Obair Shóisialta					1	2	4	6							13
			1												1
Seirbhísí Faisnéise agus Taifid	Réitigh Dhigiteacha			1									2	1	4
	An Chartlann								1	1		1	1		4
	Taifid			1								1	6	2	10
	Cosaint Sonraí											1		1	2
Taighde				1							1				2
Acmhainní Daonna agus Forbairt Foirne				1								1		1	3
Comhlíontacht, Seirbhísí Corparáideacha agus Creidiúnú				1								1	3	1	6
Iomlán		**1**	**2**	**5**	**1**	**2**	**4**	**6**	**1**	**1**	**2**	**6**	**16**	**9**	**56**

Aguisín D

Gluais

Terms and Definitions		
An tAcht um Uchtáil 2010		Reachtaíocht lena sainítear croífheidhmeanna an Údaráis
Údarás Uchtála na hÉireann	Údarás, ÚUÉ	Ár n-eagraíocht – rialtóir ar sholáthar seirbhísí a bhaineann le huchtáil agus institiúid chuimhne d'úsáideoirí seirbhíse
Seirbhís Iar-Uchtála Barnardos		Comhlacht, atá creidiúnaithe ag an Údarás, a sholáthraíonn seirbhísí tacaíochta do dhaoine uchtaithe
An tAcht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú, 2022	BITA 2022	Reachtaíocht lena sainítear croífheidhmeanna an Údaráis
An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach	Tusla (CFA)	Eagraíocht faoi roinn líne RLMC chomh maith
Clár um Shainroghanna Teagmhála	CPR	Clár de roghanna daoine aonair maidir le teagmháil agus comhroinnt faisnéise
An Roinn Leanaí, Míchunais agus Comhionannais	RLMC	Roinn líne an Údaráis
Cosaint Sonraí	CS	Cumhdach cearta príobháideachta nuair a bhailítear agus a phróiseáiltear sonraí pearsanta
Saoráil Faisnéise	SF	An ceart teacht ar thaifid oifigiúla atá i seilbh ag ranna rialtais nó ag comhlachtaí eile poiblí
Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí	RSGC	Reachtaíocht Eorpach lena gcumhdaítear oibleagáidí cosanta sonraí
Gníomhaireacht Idirghabhála Uchtála Helping Hands	HHAMA	Comhlacht atá creidiúnaithe ag an Údarás chun idirghabháil a dhéanamh i leith uchtálacha idir tíortha
Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide	TFC	Uirlisí agus acmhainní a úsáidtear chun faisnéis a sheoladh, a fháil, a stóráil nó a chruthú
Uchtáil Idir Tíortha	ICA	Sa chás go n-uchtaíonn cónaitheoirí in Éirinn leanaí a bhfuil cónaí orthu i dtír eile seachas Éire
Oifig an Phríomhoifigigh Bhreithiúnachta	OCDO	Riarann Scéim Íocaíochta Institiúidí Máthar agus Leanaí
Pact		Comhlacht atá creidiúnaithe ag an Údarás chun réimse seirbhísí uchtála a sholáthar do theaghlaigh
Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil	PCR	Athbhreithniú criticiúil déanta ag roinn líne na gcomhlachtaí stáit faoina coimirce
Iarrataí ar Rochtain ó Dhaoine Aonair	SARanna	Iarraidh arna déanamh chuig an Údarás ag duine aonair ar chóip dá sonraí pearsanta

Aguisín E

Eolas Eile

Suíomhanna gréasáin

www.aai.gov.ie
www.birthinfo.ie

Aturnaetha

- **Mason Hayes Curran LLP**
  Teach an Bhruaigh Theas
  Sráid na Bearú
  Baile Átha Cliath 4
- **Matheson LLP**
  Cé Sir John Rogerson
  Baile Átha Cliath 2

Iniúchóirí

- **Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
  Foirgneamh an Státchiste
  An Clós Íochtarach
  Caisleán Bhaile Átha Cliath,
  Baile Átha Cliath 2
- **(Iniúchadh Inmheánach) ASM**
  20 Sráid Rósmhuire
  Béal Feirste BT1 1QD



Údarás Uchtála na hÉireann
Adoption Authority of Ireland

Údarás Uchtála na hÉireann
Shelbourne House, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4
DO4 H6F6

+ 353 1 2309 300 | aai.gov.ie